2024/819

11.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/819 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Márta 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/186 [2], d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, dá ngairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156 ón gCoimisiún [3], arna leasú go deireanach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1994 ón gCoimisiún [4] leathnaíodh na dleachtanna frithdhumpála chun allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní áirithe a chumhdach a bhí modhnaithe beagán ar coinsíniodh ó Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') iad. Níl feidhm ag an leathnú maidir le hallmhairí cruach frithchreimní áirithe a tháirgeann táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne Beijing Shougang Cold Rolling Co., Ltd agus Shougang Jingtang United Iron and Steel Co., Ltd.

(3) Na dleachta frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair, is ó rátaí idir 17,2 % agus 27,9 % atá siad ar allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, 26,1 % ar allmhairí ó na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte, agus tá dleachtráta 27,9 % ar allmhairí ó na cuideachtaí eile uile sa tSín.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(4) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú [5], fuair an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/186 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 34, 8.2.2018, lch. 16).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2020 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/186 ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun cineálacha áirithe cruach frithchreimní atá modhnaithe beagán a chumhdach (IO L 255, 5.8.2020, lch. 36).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1994 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/186 ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun cineálacha áirithe cruach frithchreimní atá modhnaithe beagán a chumhdach (IO L 410, 7.12.2020, lch. 67).

[5] IO C 197, 16.5.2022, lch. 4.

(5) Is é Eurofer, Comhlachas Eorpach na gCruach, ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 8 Samhain 2022 thar ceann thionscal an Aontais i leith cineálacha áirithe cruach frithchreimní, de bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil arís agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad do thionscal an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur ann d'fhianaise leordhóthanach chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 8 Feabhra 2023 maidir le hallmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na Síne isteach san Aontas ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([6]) ('an Fógra Tionscnaimh').

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(7) An t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(8) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga, mar aon le táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí aitheanta sa tSín, údaráis na Síne, allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach leis, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Níor iarr aon cheann de na páirtithe leasmhara éisteacht.

1.6. **Sampláil**

(10) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.7. **Sampláil tháirgeoirí an Aontais**

(11) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn tháirgeacht agus mhéid díolachán an Aontais arna dtuairisciú ag na táirgeoirí ón Aontas i gcomhthéacs na hanailíse measúnaithe réamhthionscnaimh i gcéim an tseasaimh, agus a suíomh geografach á chur san áireamh freisin. Bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sealadach sin, agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla. Is éard a bhí sa sampla beagnach 32 % de mhéid tháirgeacht mheasta iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas agus níos mó ná 37 % de mhéid dhíolacháin mheasta iomlán an táirge chomhchosúil ar an margadh saor san Aontas ([7]). I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt faoin sampla sealadach. Níor thug aon pháirtí barúil faoin sprioc-am a leagadh síos.

(12) Trí nóta a cuireadh ar an gcomhad an 3 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoina chinneadh gan comhdhéanamh an tsampla chinntithigh de tháirgeoirí de chuid an Aontais a athrú cé gur tugadh le tuiscint i réamhscrúdú a rinneadh ar na freagraí a thug na 3 tháirgeoir de chuid an Aontais ar an gceistneoir gurb éard a bhí sa sampla cinntitheach thart ar 29 % de mhéid tháirgeacht mheasta iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas, áfach, agus 26 % de mhéid dhíolacháin mheasta iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin nuashonrú. Níor thug aon pháirtí barúil faoin sprioc-am a leagadh síos.

([6]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 48, 8.2.2023, lch. 32).

([7]) Nóta a ghabhann leis an gcomhad t23.000939 an 17 Feabhra 2023.

(13) Mar gheall ar an bhfíorúchán a rinneadh ag áitreabh ArcelorMittal Bremen GmbH nochtadh ar leibhéal ghrúpa ArcelorMittal gur ann do mhíthuiscint faoin táirge faoi athbhreithniú. Ó thaobh ArcelorMittal Bremen GmbH de, is éard a bhí i gceist leis an míthuairisciú ná go raibh na cainníochtaí iarbhír a tairgeadh agus a díoladh níos ísle ná iad siúd a tuairiscíodh san fhreagra ar an gceistneoir, sa mhéid nach raibh an t-eintiteas incháilithe a thuilleadh chun bheith ina chuid den sampla. Chinn an Coimisiún táirgeoir eile ón ngrúpa céanna a chur in ionad na cuideachta lena mbaineann. Is é a bhí sa sampla deiridh a bunaíodh mar sin 3 tháirgeoir de chuid an Aontais, lonnaithe in 3 Bhallstát éagsúla, arb ionann a dtáirgeacht ar deireadh agus 29 % de mhéid tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas agus 33 % de mhéid dhíolacháin iomlán an táirge chomhchosúil sa mhargadh saor san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla críochnaitheach. Níor thug aon pháirtí barúil faoin sprioc-am a leagadh síos.

1.7.1. *Sampláil allmhaireoirí*

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(15) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh. Chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. Níor tugadh aon bharúil maidir leis an gcinneadh sin.

1.7.2. *Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín*

(16) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Síne táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(17) Níor sholáthair aon táirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín an fhaisnéis a iarradh laistigh den sprioc-am agus/nó níor thoiligh aon táirgeoir a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, mar a mhínítear in aithris (29) thíos, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Síne agus do na páirtithe leasmhara go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhar leormhaith, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm i ndáil leis na torthaí maidir leis an tSín.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir**

(18) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne ('Rialtas na Síne') maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(19) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir agus d'iarr sé ar tháirgeoirí sampláilte an Aontais ceistneoir a bhí le fáil ar líne a líonadh isteach. Cuireadh na ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí de chuid an Aontais, le haghaidh allmhaireoirí neamhchomhlachaithe agus le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne le fáil lá an tionscnaimh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([8]).

(20) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na táirgeoirí shampláilte de chuid an Aontais agus ón iarratasóir.

1.9. **Fíorúchán**

(21) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil agus nó go ndéanfar an athuair iad agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na bpáirtithe seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

— Táirgeoirí de chuid an Aontais

  — ArcelorMittal Bremen GmbH, Bremen, an Ghearmáin

  — ArcelorMittal France S.A., suíomh: Dunkerque na Fraince

  — Marcegaglia Carbon Steel S.p.A, Gazoldo degli Ippoliti agus Ravenna, an Iodáil

  — Voestalpine Stahl GmbH, Linz, an Ostair

([8]) Bhí ceistneoirí le haghaidh na dtáirgeoirí de chuid an Aontais, na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí le fáil ar https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2653.

— Comhlachas na dtáirgeoirí de chuid an Aontais:

— Eurofer, an Bhruiséil, an Bheilg

1.10. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(22) An 14 Nollaig 2023, nocht an Coimisiún na fíorais bhunriachtanacha agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil i bhfeidhm. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh agus éisteacht a iarraidh.

(23) Chuir an t-iarratasóir fáilte roimh na torthaí agus roimh an gconclúid a thug an Coimisiún. Níor thug páirtí ar bith eile aon bharúil.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(24) Tá an táirge atá faoi athbhreithniú mar an gcéanna leis na táirgí a bhí i gceist san imscrúdú bunaidh, is iad sin táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail; iad déanta támh le halúmanam; iad plátáilte nó bratathe le galbhánú teothumtha le sinc agus/nó alúmanam, agus gan aon mhiotal eile; iad éighníomhaithe go ceimiceach; ina bhfuil, de réir meáchain: 0,015 % de charbóin nó níos mó, ach nach mó ná 0,170 %, 0,015 % d'alúmanam nó níos mó, ach nach mó ná 0,100 %, nach mó ná 0,045 % de niaibiam, nach mó ná 0,010 % de thíotáiniam agus nach mó ná 0,010 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcornaí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga.

(25) Cuirtear na táirgí seo a leanas as an áireamh:

— de chruach dhosmálta, de chruach shileacain-leictreach, agus de chruach ardluais,

— gan oibriú breise déanta orthu seachas teorolladh nó fuar-rolladh (fuarlaghdú).

(26) An táirge atá faoi athbhreithniú, is faoi na cóid AC ex 7210 41 00, ex 7210 49 00, ex 7210 61 00, ex 7210 69 00, ex 7212 30 00, ex 7212 50 61, ex 7212 50 69, ex 7225 92 00, ex 7225 99 00, ex 7226 99 30 agus ex 7226 99 70 (cóid TARIC 7210 41 00 20, 7210 49 00 20, 7210 61 00 20, 7210 69 00 20, 7212 30 00 20, 7212 50 61 20, 7212 50 69 20, 7225 92 00 20, 7225 99 00 22, 7225 99 00 92, 7226 99 30 10, 7226 99 70 94) a thagann sé faoi láthair.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(27) Is é an táirge a bhaineann leis an imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne.

2.3. **An táirge comhchosúil**

(28) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge lena mbaineann a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na Síne;

— an táirge lena mbaineann arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(29) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR LEIS AN DUMPÁIL NÓ GO nDÉANFAR IN ATHUAIR Í

3.1. Réamhbharúlacha

(30) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig deireadh a bheag nó a mhór ar mhargadh an Aontais le hallmhairí cruach frithchreimní (CRS) áirithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne. De réir Eurostat, bhí 953 thona d'allmhairí cruach frithchreimní (CRS) ó Dhaon-Phoblacht na Síne ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 1 857 490 tona san imscrúdú bunaidh. Tháinig méadú ar allmhairí in 2021 ach is féidir é sin a shannadh do shuaitheadh sa mhargadh a tharla de thoradh éifeachtaí phaindéim COVID.

(31) Mar a luaitear in aithris (17), níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí maidir le Daon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuarthas aon fhreagra, agus dá bhrí sin chinn an Coimisiún Airteagal 18 a chur i bhfeidhm.

(32) Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go ndéanfar an athuair í bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe ar fhaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú, ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí ó tháirgeoirí cruach frithchreimní (CRS) de chuid Mheicsiceo, ó Global Trade Atlas, ón gCoimisiún um Rialú Fuinnimha, ó fhaisnéis arna foilsiú ag Rialtas Mheicsiceo, Global Petrol Prices agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

3.2. An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh, faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, le haghaidh allmhairí cruach frithchreimní de thionscnamh na Síne

(33) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir leis an tSín, gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(34) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(35) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am.

(36) Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an raibh saobhadh suntasach sa tSín. Níor thug Rialtas na Síne aon bharúil ina leith sin.

(37) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(38) An 27 Meitheamh 2023, d'eisigh an Coimisiún Nóta le haghaidh an chomhaid maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh ('Nóta maidir le foinsí'). Tugadh an Nóta maidir le foinsí chun dáta an 6 Iúil 2023 agus tugadh am leordhóthanach do na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt.

(39) Leis an Nóta maidir le foinsí, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch, agus maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh.

(40) Sa Nóta maidir le foinsí, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara, i bhfianaise easpa comhoibrithe, go mbunódh sé costais dhíreacha eile agus forchostais mhonaraíochta ar an bhfaisnéis faoi thionscal an Aontais a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus an fhaisnéis bhreise a fuarthas ón iarratasóir, agus go sloinnfeadh sé mar chéatadáin iad.

(41) Chuir sé in iúl do pháirtithe leasmhara freisin go suífeadh sé na costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí i dtaca le táirgeoir amháin de chuid Mheicsiceo, Ternium S.A.

(42) Ar deireadh, leis an Nóta maidir le foinsí, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar na foinsí agus ar oiriúnacht Mheicsiceo mar thír ionadaíoch agus tíortha eile a mholadh, ar choinníoll gur chuir siad faisnéis leordhóthanach isteach maidir leis na critéir ábhartha. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(43) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, 'beidh an gnáthluach bunaithe de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(44) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[m]ás rud é go gcinntear […] nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus 'áireofar ar an ngnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais díola, ghinearálta agus riaracháin', dá ngairtear 'costais SGA' anseo feasta).

(45) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3. **Saobhadh suntasach a bheith ann**

(46) In imscrúduithe le déanaí maidir leis an earnáil cruach sa tSín ([9]), chinn an Coimisiún go raibh saobhadh suntasach i gceist de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(47) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gur ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([10]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([11]), ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cruach cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach a chuirtear chun bealaigh ón Téaváin, ón Indinéis, ó Srí Lanca agus ó na hOileáin Philipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na tíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36); Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí túr gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí táite agus d'fheadáin tháite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145).

([10]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 80; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 59, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 149-150.

([11]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 46, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 115-118.

bhun-Rialachán ([12]). Fuair an Coimisiún thairis sin go bhfuil éifeacht saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([13]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([14]). Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gur ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil earraí ceirmeacha de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([15]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar chaipiteal do ghníomhaithe corparáideacha i nDaon-Phoblacht na Síne ([16]).

(48) Faoi mar a rinne sé sna himscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil chruach sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú seo cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí le fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarratas, chomh maith leis an bhfianaise sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin freisin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála ([17]) ('Tuarascáil'), rud a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a cinneadh freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(49) Rinneadh an líomhain san iarraidh go mbíonn tionchar forleathan ag idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas ar gheilleagar na Síne ina iomláine agus go ndéanann na hidirghabhálacha sin difear dó ar bhonn forleathan, agus nach féidir leas a bhaint as praghsanna agus costais intíre thionscal cruach na Síne san imscrúdú seo i bhfianaise an mhéid sin. Chun tacú le seasamh an iarratasóra, bhí tagairt san iarraidh don Tuarascáil, do reachtaíocht na Síne, do thuarascálacha breise, agus d'fhianaise starógach chomh maith maidir le saobhadh a cuireadh chun feidhme le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([12]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 193-4, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 47, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 119-122. Cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, tá tábhacht le cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, mar is féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó trí na cealla sin. De réir dhlí cuideachta na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus soláthróidh an chuideachta na coinníollacha is gá le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí. San am atá thart, is cosúil nár comhlíonadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár cuireadh i bhfeidhm go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar na cuideachtaí sin ligean d'eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí lena mbaineann siad. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([13]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithrisí 48-52, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 123-129.

([14]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 74; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 53, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 130-133.

([15]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 54, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134-135.

([16]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 55, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 136-145.

([17]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

(50) Go sonrach, tugadh le fios san iarraidh ar chúlra an teagaisc maidir le 'geilleagar an mhargaidh shóisialaigh' atá daingnithe i mBunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne, uileláithreacht Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP') agus tionchar an rialtais ar an ngeilleagar trí mheán tionscnaimh pleanála straitéiseacha, tagann idirghabhálachas Rialtas na Síne i bhfoirmeacha éagsúla, is é sin idirghabhálacha riaracháin, airgeadais agus rialála.

(51) Soláthraíodh samplaí san iarraidh de ghnéithe lena léirítear gur ann do shaobhadh, mar a liostaítear sa chéad dais go dtí an séú dais d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Go háirithe, chuir an t-iarratasóir na barúlacha seo isteach:

(52) Ní hamháin go ndéanann Stát na Síne beartais eacnamaíocha ghinearálta cuideachtaí aonair faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus go ndéanann sé maoirseacht ar a gcur chun feidhme, ach éilíonn sé a chearta freisin le bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht oibríochta fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit. Déantar é sin de ghnáth trí ghrúpa meánbhainistíochta a rothlú idir údaráis an rialtais agus fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, trí chomhaltaí an pháirtí a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí feidhmiúcháin fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit agus cealla páirtí i gcuideachtaí, chomh maith lena dhéanamh trí struchtúr corparáideach na hearnála a mhúnlú. Mar chúiteamh air sin, baineann fiontair faoi úinéireacht an Stáit leas as stádas ar leith laistigh de gheilleagar na Síne. Cuimsítear sa stádas sin roinnt buntáistí eacnamaíocha, go háirithe cosaint ó iomaíochas agus rochtain tosaíochta ar ionchuir ábhartha, lena n-áirítear maoiniú. Spreag costais úis a bhí ag titim giaráil agus iompar táirgiúlachta saothair níos airde chuig borradh i bhfiachas cuideachta faoi úinéireacht stáit. Léiríonn sé sin a éasca is féidir le coinníollacha airgeadaíochta carnadh fiachais cuideachta faoi úinéireacht stáit tapa a spreagadh ([18]). Tá an rialú agus an mhaoirseacht sin ar bheartais ina cheist an-phráinneach san earnáil cruach – agus is í an chruach chothrom teorollta an t-ionchur is mó i dtáirgeadh CRS cinnte – a bhfuil cuid mhór di faoi úinéireacht Rialtas na Síne fós agus inarb é is aidhm do Rialtas na Síne 60 % den táirgeacht iarainn agus cruach a chomhdhlúthú ar 10 bhfiontar mórscála nó mar sin faoi 2025.

(53) Tá sé ar chumas an Stáit cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí, cealla PCS i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, lena n-áirítear i leith táirgeoirí CRS agus soláthraithe a gcuid ionchur. Uaireanta cuirtear an nasc le Stát na Síne i dtábhacht i ndoiciméid phoiblí de chuid na dtáirgeoirí atá faoi úinéireacht an Stáit, mar shampla i bpreaseisiúint ó China Baowu in 2021, inar cuireadh in iúl go raibh staidéar déanta go coinsiasach aige ar mheon an 2 sheisiún den Daon-Chomhdháil Náisiúnta, bunaithe ar an gcéim nua forbartha, agus go raibh an meon sin curtha chun feidhme go coinsiasach aige agus cúraimí 14ú pleanáil straitéiseach 5 bliana China Baowu curtha chun cinn aige. Ar deireadh, tá éifeacht saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin.

(54) Tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail áirithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh cruach frithchreimní (CRS) agus foinsiú na n-amhábhar a úsáidtear chun í a tháirgeadh. Ní féidir fórsaí an mhargadh oibriú mar is gnách i ngeall ar na bearta sin. Ar na samplaí de bhearta den chineál sin tá líon mór pleananna, treoracha agus doiciméad eile atá dírithe ar chruach, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach. Mar shampla, i mí an Mhárta 2022 d'eisigh an Aireacht Tionsclaíochta agus Teicneolaíochta Faisnéise ('MIIT'), an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú ('NDRC') agus an Aireacht Éiceolaíochta agus Comhshaoil treoirlíne maidir le forbairt ardcháilíochta a chur chun cinn i dtionscal an iarainn agus na cruach, agus, *inter alia*, soláthar cobhsaí acmhainní, trealaimh theicniúil ard-fhorbartha, táirgí ardcháilíochta agus brandaí ar fheabhas, leibhéal ard intleachtúlachais agus iomaíochas domhanda láidir faoi 2025 á n-éileamh acu. Samplaí eile is ea an 13ú agus an 14ú Plean Gníomhaíochta 5 Bliana (FYP); plean forbartha 2021 a d'eisigh an Aireacht Tionsclaíochta agus Teicneolaíochta Faisnéise ina n-éilítear laghdú ar ídiú fuinnimh sa tionscal cruach; nó Catalóg 2020 chun Athstruchtúrú na Tionsclaíochta a Threorú (Leagan 2019) a d'eisigh an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú (NDRC). Thairis sin, tairbhíonn táirgí cothroma teorollta na Síne de roinnt clár fóirdheontais agus déanann Rialtas na Síne treoraíocht bhreise ar fhorbairt na hearnála i gcomhréir le raon leathan uirlisí agus treoracha beartais a bhaineann, *inter alia* le comhdhéanamh agus athstruchtúrú an mhargaidh, amhábhair, infheistíocht, díothú acmhainneachta, raon táirgí, athshocrú, uasghrádú, aisíocaíochtaí CBL, etc.

(55) Is cosúil go bhfuil córas féimheachta na Síne neamhleor chun a phríomhchuspóirí féin a bhaint amach amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Thairis sin, tá ról láidir agus gníomhach ag an Stát sna himeachtaí dócmhainneachta, agus is minic a bhíonn tionchar díreach aige sin ar a dtorthaí. Ina theannta sin, tá na heasnaimh i gcóras na gceart maoine thar a bheith follasach i ndáil leis an úinéireacht talún agus le cearta úsáide talún sa tSín, tá an talamh uile faoi úinéireacht an Stáit, is ar an Stát amháin a bhraitheann leithdháileadh na talún i gcónaí agus is minic a shaothraíonn údaráis spriocanna polaitiúla lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme agus talamh á leithdháileadh.

([18]) ECFE, '*State-owned Firms behind China's Corporate Debt*' [Gnóthais faoi úinéireacht an Stáit taobh thiar d'Fhiachas Corparáideach na Síne], Doiciméad Oibre na Roinne Eacnamaíche Uimh. 1536], Feabhra 2019. https://www.oecdilibrary.org/docserver/7c66570een.pdf?expires=1634897777&id=id&accname=guest&checksum=3095BC87BC68666578D757C403B87307

(56) Tá bac á chur ar oibrithe agus ar fhostaithe ina gcearta maidir le comheagrú agus cuirtear srianadh ar shoghluaisteacht de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile. Dá bharr sin, déantar saobhadh ar chostais pá mar gheall nach dtagann siad as gnáthfhórsaí margaidh ná idirbheartaíocht idir cuideachtaí agus an lucht saothair.

(57) Ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit ar chóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith. Thairis sin, is minic a dhéantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear go mbíonn tionchar ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus ar neart aon ráthaíochta intuigthe ón rialtas. Thairis sin, coinníodh na costais iasachtaithe íseal d'aon turas chun fás infheistíochta a spreagadh, agus mar thoradh air sin baineadh úsáid iomarcach as infheistíocht chaipitiúil lena raibh torthaí infheistíochta a bhí ag éirí níos ísle agus níos ísle agus gan aon chomhartha a bheith ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte.

(58) Cuireadh i dtábhacht san iarraidh chomh maith cineál sistéamach an tsaofa. Mar iarmhairt air sin, ní hamháin nach féidir praghsanna díolacháin intíre cruach frithchreimní (CRS) a úsáid, ach na costais ionchuir ar fad (lena n-áirítear praghsanna táirgí cothroma teorollta ('HRFS') agus praghsanna na n-amhábhar bunúsach, mar shampla: iarnmhian arb ionann é agus thart ar 30 % de chostas díreach CRS; gual arb ionann é agus thart ar 14 % de chostas díreach CRS; dramh, fearó-chóimhiotail agus sinc arb ionann iad le chéile agus thart ar 34 % de chostas díreach CRS; fuinneamh arb ionann é agus thart ar 13 % de chostas díreach CRS; talamh, maoiniú, saothar, etc.), tá siad faoi smál freisin toisc go ndéantar difear do mhúnlú a bpraghsanna mar gheall ar idirghabháil nach beag ag an rialtas.

(59) Maidir le HRFS mar ionchur in CRS, bhí tagairt san iarraidh do raon leathan fóirdheontas atá á bhfáil ag táirgeoirí HRFS de chuid na Síne i gcónaí. Cé go raibh cuid díobh siúd á gcur i neamhbhrí ag an gCoimisiún ([19]), tá fóirdheontas á mbronnadh i gcónaí ag Rialtas na Síne ar an tionscal HRFS i roinnt foirmeacha, mar shampla deontais airgid thirim, rialú ar phraghsanna amhábhar, iasachtaí fabhracha, fóirdheontais i dtaca le húsáid talún, forfheidhmiú lag an rialaithe comhshaoil, cumaisc agus éadálacha a dtugtar sainordú ón rialtas ina leith, agus insiltí agus comhshó cothromais. Soláthraíodh samplaí sonracha san iarraidh ar bhain siad leis na tairgeoirí Chongqing Iron & Steel Company Ltd., Maanshan Iron & Steel Company Limited, agus Angang Steel Company chomh maith.

(60) Maidir le hamhiarann, cóc agus ionchur eile réamhtheachtach in CRS, léiríodh san iarraidh gur straitéis eile de chuid Rialtas na Síne chun táirgeoirí HRFS a fhóirdheonú go hindíreach is ea praghsanna amhábhar a rialú seachas modhanna fóirdheonaithe atá níos soiléire a úsáid, mar shampla fóirdheontais airgid thirim, go háirithe trí shrianta ar mhéideanna onnmhairí agus trí chóras ceadúnúcháin onnmhairiúcháin i dtaca le gual. Maidir le hamhiarann, tá tagairt san iarraidh d'fhoirmeacha éagsúla srianta onnmhairiúcháin atá i bhfeidhm sa tSín, agus rabhadh inti an tráth céanna gur dóchúil nach bhfuil na foinsí oifigiúla atá ar fáil cuimsitheach i gcoibhneas bheartais na Síne. Maidir leis sin meabhraítear san iarraidh go ndéanann Rialtas na Síne iarrachtaí suntasacha chun praghsanna amhábhair HRFS a rialú: i mí an Mheithimh 2021, sheol roinn praghsála an Choimisiúin um Fhorbairt agus Athchóiriú Náisiúnta agus an Riarthóir Stáit um Rialú Margaidh mionscrúdú ar thrádáil ar an láthair in amhiarann agus tá fiosrú faoi phraghsanna guail seolta freisin agus foirne curtha chuig cúigí agus cathracha éagsúla na Síne chun imscrúdú a dhéanamh ar phraghsanna agus soláthairtí tráchtearraí. Bhí baint nach beag ag Rialtas na Síne in iarrachtaí chun praghsanna tráchtearraí, idir ghual agus chopar a rialú. Ós rud é go bhfuil ardú nach beag tagtha ar phraghsanna, tá sé d'aidhm ag rialtóirí idirghabháil a dhéanamh chun an soláthar a áirithiú agus cobhsaíocht praghsanna. Thairis sin, i mí Iúil 2022, bhunaigh údaráis na Síne ilchuideachta nua amhiarainn, an China Mineral Resources Group, faoi úinéireacht an Stáit agus riartha go lárnach agus é d'aidhm shainráite di gníomhú mar ardán ceannaigh láraithe le haghaidh roinnt déantóirí agus trádálaithe cruach faoi úinéireacht an Stáit chun caibidlíocht le soláthróirí a aontú, chomh maith le rialú ag an Stát ar sholáthairtí amhábhair réamhtheachtacha a mhéadú agus neart a chur le cumhacht mhargála an tionscail cruach intíre sa mhargadh idirnáisiúnta amhiarainn.

(61) Mar chonclúid, ba é seasamh na hiarrata nach toradh ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna ná costais, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, de réir na hiarrata, níl sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí comhréidhe teorollta d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile, ar táirgí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí comhréidhe teorollta d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile, ar táirgí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17).

(62) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(63) Go sonrach, is ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán in earnáil an táirge faoi athbhreithniú, i.e. an earnáil cruach. Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhaireoirí an táirge faoi athbhreithniú sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn na dtáirgeoirí príobháideacha agus na dtáirgeoirí faoi úinéireacht stáit a dhearbhú. Deimhníodh san imscrúdú áfach go bhfuil roinnt mhaith de tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú á rialú go díreach ag an Stát. Baineann na samplaí le Baowu Steel Group – cuideachta faoi úinéireacht stáit faoin SASAC lárnach. ([20]) – agus a fochuideachtaí Chongqing Iron & Steel Company Ltd. ([21]) agus Maanshan Iron & Steel Company Limited ([22]); Baotou Steel Group - cuideachta faoi úinéireacht stáit ar le Rialtas na hIon-Mhongóile í ([23]) –, Angang Steel Group – cuideachta faoi úinéireacht stáit faoin SASAC lárnach ([24]), mar aon le Shougang Group – cuideachta faoi úinéireacht stáit ar le Beijing State-Owned Asset Management Ltd 100 % di ([25]).

(64) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí san earnáil cruach faoi réir maoirseacht agus treorú beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a chuireann Rialtas na Síne i leith na hearnála, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear an méid sin le Tuairim Threorach na hAireachta Tionsclaíochta agus Faisnéise Teicneolaíochta (MITT) maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Cruach a Chothú ina n-éilítear comhdhlúthú breise an bhoinn thionsclaíoch agus feabhsú suntasach sa leibhéal nuachóiriúcháin den slabhra tionsclaíoch ([26]), faoin 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal Amhábhar a Fhorbairt ar dá réir a dhéanfaidh an earnáil 'cloí le comhcheangal na ceannaireachta margaidh le cur chun cinn ag an rialtas' agus a dhéanfaidh sí 'grúpa cuideachtaí forásacha a shaothrú ag a bhfuil ceannaireacht éiceolaíochta agus croí-iomaíochas' ([27]), faoin 14ú Plean 5 Bliana (FYP) maidir le Forbairt an Tionscail Drámh-chruach a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige 'méadú leanúnach a dhéanamh ar chóimheas feidhmithe drámhchruach, ionas go sroichfidh cóimheas cuimsitheach an dráimh i ndéanamh náisiúnta cruach 30 %' ([28]), faoi dheireadh an 14ú Plean 5 Bliana (FYP), nó faoi Phlean Oibre 2023 maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Cruach ([29]) lena leagtar síos na cuspóirí seo a leanas: ' In 2023, […]coinneofar fás cobhsaí ar bun ó thaobh na hinfheistíochta i sócmhainní seasta sa tionscal ar fad, agus beidh feabhas suntasach curtha ar na tairbhí eacnamaíocha; sroichfidh an infheistíocht ón tionscal sa Taighde agus Forbairt 1,5 % ar deireadh; sroichfidh fás breisluacha an tionscail thart faoi 3,5 %; in 2024, déanfar timpeallacht forbartha an tionscail agus struchtúr an tionscail a bharrfheabhsú a thuilleadh, leanfar den aistriú chuig táirgí glasa, cliste agus ardleibhéil agus sáróidh fás breisluacha an tionscadail 4 %', gníomhaíochtaí a n-éilítear comhar ina leith chun 'táirgí cruach, trealamh, teicneolaíocht, seirbhísí etc. de chuid na Síne a threorú chun go 'n-éireoidh siad domhanda' ar bhealach comhordaithe, chun go gcuirfear comhar glas agus ísealcharbóin sa tionscal cruach domhanda chun cinn, go gcuirfear feabhas ar leibhéal athléimneachta agus sábháilteachta na slabhraí domhanda tionsclaíocha agus soláthair [agus chun go] gcuirfear chun feidhme gníomhaíochtaí um acmhainneacht an tsoláthair a fheabhsú chun oibriú cobhsaí agus éifeachtúil an tionscail a áirithiú' agus ar nithe iad lena ndéantar foráil maidir le comhdhlúthú corparáideach na hearnála cruach, arna shainordú ag an rialtas: '[f]iontair atá ar thús cadhnaíochta sa tionscal a spreagadh chun cumaisc agus éadálacha a chur chun feidhme, grúpaí fiontar iarainn agus cruach a thógáil a bheidh den chéad scoth agus ollmhór, agus leagan amach optamach na hacmhainneachta táirgthe náisiúnta iarainn agus cruach a chothú, tacú le fiontair speisialaithe ag a bhfuil cumhacht treoraíochta i ndeighleoga áirithe den mhargadh cruach chun acmhainní a chomhtháthú a thuilleadh agus éiceachóras a chruthú don tionscal cruach, fiontair iarainn agus cruach a spreagadh chun cumaisc agus atheagrú cros-réigiúnach a dhéanamh […], agus machnamh a dhéanamh ar thacaíocht bheartais níos fearr a thabhairt le haghaidh ionadú acmhainneachta […]d'fhiontair iarainn agus cruach a bhfuil cumaisc agus atheagrú curtha i gcrích acu.

([20]) Féach: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([21]) Féach: www.cqgt.cn (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([22]) Féach: https://www.magang.com.cn/ (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([23]) Féach: https://www.qixin.com/company/ab02483a-5ed7-49fe-b6e6-8ea39dc4dc80 (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([24]) Féach: http://www.ansteel.cn/about/company_profile/ (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([25]) Féach: https://www.qcc.com/firm/d620835aaae14e62fdc965fd41a51d8d.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([26]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-02/08/content_5672513.htm (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([27]) Féach Roinn IV, Foroinn 3 den 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt
([28]) Féach Roinn II, Foroinn 1 den 14ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt an Tionscail Dramhchruach
([29]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2023/art_2a4233d696984ab59610e7498e333920.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

(65) Is féidir samplaí den chineál céanna de rún údaráis na Síne maoirsiú agus treoir a thabhairt d'fhorbairtí na hearnála a fheiceáil ag an leibhéal cúige, mar shampla in Hebei ina bhfuil sé beartaithe 'forbairt grúpa eagraíochtaí a chur i bhfeidhm go seasta, dlús a chur le hathchóiriú úinéireachta measctha fiontar faoi úinéireacht an stáit, díriú ar chumasc tras-réigiúnach agus atheagrú fiontar príobháideach iarainn agus cruach a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh 1-2 ghrúpa mhóra dhomhanda den chéad scoth a bhunú, 3-5 ghrúpa mhóra le tionchar intíre mar thacaíocht' agus chun 'bealaí athchúrsála agus cúrsaíochta na drámhchruach a leathnú a thuilleadh, scagadh agus aicmiú drámhchruach a neartú.' ([30]) Thairis sin, luaitear i bplean Hebei san earnáil cruach: 'Cloígh le coigeartú struchtúrach agus cuir éagsúlú táirge i dtábhacht. Coigeartú struchtúrach agus barrfheabhsú leagan amach an tionscail iarainn agus cruach a chur chun cinn go docht, comhdhlúthú, atheagrú, claochlú agus uasghrádú fiontar a chur chun cinn, agus forbairt an tionscail iarainn agus cruach a chur chun cinn go cuimsitheach i dtreo fiontair ar mhórscála, nuachóiriú trealamh teicniúil, éagsúlú próiseas táirgthe, agus éagsúlú táirgí iartheachtacha'.

(66) Ar an gcaoi chéanna, tuartar i bPlean Forfheidhmithe Henan maidir leis an Tionscal Cruach a Athrú agus Uasghrádú le linn an 14ú Plean 5 Bliana 'bunáiteanna táirgeachta cruach tréithiúla a thógáil […], tógáil 6 bhunáit táirgeachta cruach saintréithe in Anyang, Jiyuan, Pingdingshan, Xinyang, Shangqiu, Zhouou, etc., agus feabhas a chur ar scála, diansaothrú agus speisialtóireacht an tionscail. Ina measc, faoi 2025, déanfar acmhainneacht táirgeachta muciarainn in Anyang a rialú laistigh de 14 mhilliún tonna, agus déanfar acmhainneacht táirgeachta amhchruach a rialú laistigh de 15 mhilliún tonna.' ([31])

(67) Tá tuilleadh cuspóirí beartais thionsclaíoch le feiceáil freisin i ndoiciméid phleanála na gcúigí eile, amhail Jiangsu ([32]), Shandong ([33]), Shanxi ([34]), Liaoning Dalian ([35]) nó Zhejiang ([36]).

(68) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, de bharr na heaspa comhair ó thaobh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, níorbh fhéidir a shuí gur ann do cheangail phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne. Mar sin fein, tá roinnt samplaí sonracha ar fáil a bhaineann leis an táirge faoi athbhreithniú. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an táirge faoi athbhreithniú ina fho-earnáil den earnáil cruach, baineann an fhaisnéis atá ar fáil maidir le táirgeoirí cruach ábhartha leis an táirge faoi athbhreithniú freisin.

(69) Mar shampla, cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Baotou Steel Union, ar le Baotou Steel Group é, fónann sé mar rúnaí Páirtí na cuideachta freisin, agus is é leasrúnaí Páirtí é cathaoirleach cheardchumann na cuideachta ([37]). Ar an gcaoi chéanna, laistigh de Shougang Group, fónann cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí mar rúnaí Choiste an Pháirtí agus tá an Leas-Bhainisteoir Feidhmiúcháin ina chomhalta de Choiste an Pháirtí ([38]).

([30]) Féach Plean Gníomhaíochta Trí Bliana Cúige Hebei maidir le Forbairt Braisle sa Slabhra Tionscal Cruach, Caibidil I, Roinn 3; atá le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20200717/1089773.shtml (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([31]) Féach Plean Forfheidhmithe Henan maidir le hAthchóiriú agus Uasghrádú a dhéanamh ar an Tionscail Cruach le linn an 14ú Plean 5 Bliana, Caibidil II, Roinn 3; atá le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211210/1192881.shtml (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([32]) Plean Oibre Chúige Jiangsu maidir leis an Earnáil Cruach a Athchóiriú agus a Uasghrádú agus Optamú a dhéanamh ar an Leagan Amach 2019-2025; atá le fáil ag: http://www.jiangsu.gov.cn/art/2019/5/5/art_46144_8322422.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([33]) An 14ú Plean 5 Bliana do Chúige Shandong maidir leis an Tionscal Cruach a fhorbairt; atá le fáil ag: http://gxt.shandong.gov.cn/art/2021/11/18/art_15681_10296246.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([34]) Plean Gníomhaíochta 2020 Chúige Shanxi maidir leis an Tionscal Cruach a Athrú agus a Uasghrádú; atá le fáil ag: http://gxt.shanxi.gov.cn/zfxxgk/zfxxgkml/cl/202110/t20211018_2708031.shtml (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([35]) An 14ú Plean 5 Bliana de chuid Bhardas Liaoning Dalian chun Tionscal Monaraíochta a Fhorbairt: *'Faoi 2025, sroichfidh luach aschuir thionsclaíoch na n-amhábhar nua 15 mhilliún yuan, agus is léir go bhfuil feabhas tagtha ar chumas ráthaíochta trealaimh agus príomhábhair.'*; atá le fáil ag: https://www.dl.gov.cn/art/2021/12/20/art_854_1995411.html (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

([36]) Plean Gníomhaíochta Chúige Zhejiang chun Forbairt Ardchaighdeáin ar an Tionscal Cruach a Chothú: *'Cumaisc agus atheagrú fiontair a chothú, an próiseas comhchruinnithe a luathú, líon na bhfiontar bruithnithe cruach a laghdú go dtí thart ar 10 bhfiontar'*; atá le fáil ag: https://www.dl.gov.cn/art/2021/12/20/art_854_1995411.html (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

([37]) Féach: https://www.baoganggf.com/ggry (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([38]) Féach: https://www.shougang.com.cn/sgweb/html/gsld.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

(70) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi athbhreithniú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Sainaithníodh san imscrúdú doiciméid eile inar léiríodh go dtairbhíonn an tionscal de threoir agus d'idirghabháil rialtais san earnáil cruach, i bhfianaise gur ceann dá fo-earnálacha é an táirge faoi athbhreithniú.

(71) Measann Rialtas na Síne i gcónaí gur tionscal ríthábhachtach atá sa tionscal cruach ([39]). Deimhnítear é seo sa líon mór pleananna, treoracha agus doiciméad eile atá dírithe ar chruach, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach. De réir an 14ú Plean 5 Bliana, chuir Rialtas na Síne an tionscal cruach in áirithe lena chlaochlú agus lena uasghrádú, chomh maith lena bharrfheabhsú agus lena choigeartú ar bhonn struchtúrach ([40]). Ar an gcaoi chéanna, liostaítear an earnáil sa 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, is infheidhme freisin ar an tionscal cruach, mar 'bhunchloch an fhíorgheilleagair' agus mar 'phríomhréimse lena múnlaítear buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne' agus leagtar amach leis roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagfadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, amhail uasghrádú teicneolaíochta, feabhas a chur ar struchtúr na hearnála (trí thuilleadh comhchruinnithe corparáideacha ar a laghad) nó an t-aistriú digiteach ([41]). Thairis sin, an Plean Oibre thuasluaite maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Chruach (féach aithris (56)), léiríonn sé an bealach a chuirtear fócas údaráis na Síne ar an earnáil cruach sa chomhthéacs níos leithne a bhaineann le stiúradh Rialtas na Síne ar gheilleagar na Síne: 'tacú le cuideachtaí cruach chun na riachtanais atá le bonneagar nua, uirbiú nua, athbheochan tuaithe, agus tionscail atá ag teacht chun cinn a leanúint go dlúth, nascadh le mórthionscadail innealtóireachta a bhaineann leis an '14ú Plean Cúig Bliana' i réigiúin éagsúla, agus gach dícheall a dhéanamh chun an soláthar cruach a áirithiú. Sásraí comhair réamhtheachtacha agus iartheachtacha a bhunú agus a dhoimhniú idir earnálacha cruach agus príomhearnálacha a úsáideann cruach amhail an longthógáil, iompar, tógáil, fuinneamh, mótarfheithiclí, fearais, innealra talmhaíochta, agus trealamh trom, gníomhaíochtaí nasctha táirgthe-éilimh a dhéanamh, agus réimsí ina gcuirtear an cruach i bhfeidhm a leathnú go gníomhach' ([42]).

(72) Ina theannta sin, i leith an amhiarainn – arb amhábhar tábhachtach é a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh, de réir an 14ú Plean 5 Bliana ('FYP') maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, tá sé beartaithe ag an Stát 'acmhainní mianraí intíre a fhorbairt go réasúnach. Taiscéalaíocht amhiarainn a neartú […], beartais chánach tosaíochta a chur i bhfeidhm, glacadh le teicneolaíocht ardfhorbartha agus trealamh a spreagadh chun giniúint dramhaíola soladaí mianadóireachta a laghdú' ([43]). I gcúigí, amhail Hebei, déanann na húdaráis foráil maidir leis an méid seo a leanas don earnáil: 'fóirdheontas lascaine le haghaidh infheistíochta i dtionscadail nua; institiúidí airgeadais a iniúchadh agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d'fhiontair iarainn agus cruach chun aistriú chuig tionscail nua, agus an tráth céanna, cuirfidh an rialtas fóirdheontais lascaine ar fáil' ([44]). Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(73) Ina theannta sin, tá an táirge faoi athbhreithniú faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (45) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín) ([45]).

(74) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (45) freisin. An Plean Oibre thuasluaite maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Chruach (féach aithris (56)), léiríonn sé an cineál idirghabhála sin ón rialtas go han-mhaith freisin: 'Institiúidí airgeadais a spreagadh chun seirbhísí airgeadais a sholáthar do chuideachtaí cruach go gníomhac,

([39]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lch. 346 ff.

([40]) Féach 14ú Plean 5 Bliana Dhaon-Phoblacht na Sine maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/ (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([41]) Féach go háirithe Ranna I agus II den 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt.

([42]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2023/art_2a4233d696984ab59610e7498e333920.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([43]) Féach an 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, lch. 22.

([44]) Féach Plean Gníomhaíochta Bhardas Hebei Tangshan maidir le Cruach agus Iarainn 1 + 3 2022, Caibidil 4, Roinn 2; atá le fáil ag: http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2bb5519aa49b566863081d57aea9dfdd59e1a4f482bb7acd243e3ae7657c70b&columnId=3683d857cc4577e4cb75f76522b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([45]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134-135 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3), aithrisí 143-144.

ar cuideachtaí iad a chuireann cumaisc agus atheagrú, coigeartuithe ar an leagan amach, claochlú agus uasghrádú chun feidhme, i gcomhréir le prionsabail i dtaca le rialú riosca agus inbhuanaitheacht ghnó.' Dá bhrí sin, de thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(75) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(76) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh sa tSín trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá sé maidir leis an ionchur chuig an ionchur agus mar sin de.

(77) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear iontu.

(78) Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás seo.

(79) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a thuairiscítear sna ranna seo a leanas.

(80) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin san imscrúdú atá ann faoi láthair.

3.4. **An tír ionadaíoch**

(81) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis an ollioncam náisiúnta atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([46]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([47]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha fhéideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

([46]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([47]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

(82) Mar a mhínítear in aithris (36), d'eisigh an Coimisiún Nóta maidir le foinsí lena dtugtar tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha, agus chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo má deimhníodh saobhadh suntasach a bheith ann de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(83) Sa Nóta maidir le foinsí, mhínigh an Coimisiún go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil, mar gheall ar an easpa comhoibrithe, de réir Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Bhí rogha na tíre ionadaíche bunaithe ar an bhfaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí eile faisnéise a mheastar a bheith iomchuí de réir na gcritéar ábhartha a leagtar síos in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le hAirteagal 18(5) den bhun-Rialachán, lena n-áirítear 'Doing Business' de chuid an Bhainc Dhomhanda ([48]), Global Trade Atlas ('GTA') ([49]), an Coimisiún um Rialú Fuinnimh de chuid Rialtas Mheicsiceo ([50]), Global Petrol Prices ([51]) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ([52]).

(84) Maidir leis an leibhéal forbartha eacnamaíche, san iarraidh ar athbhreithniú éaga, rinne an t-iarratasóir scrúdú ar Mheicsiceo mar thír a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch agus a raibh a leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil leis an tSín ([53]).

(85) Maidir le táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, de réir an iarrtha ar athbhreithniú éaga ([54]) is ann do roinnt mhaith táirgeoirí CRS i Meicsiceo. Shainaithin an t-iarratasóir 8 gcuideachtaí a tháirg CRS, cuideachtaí a raibh acmhainneacht táirgthe thart ar 4 mhilliún tona acu. Shainaithin an Coimisiún an Tuirc, an India agus Vítneam freisin mar tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú. Ní chomhlíonann an India ná Vítneam áfach na critéir i ndáil le leibhéal forbartha eacnamaíche a bheith acu atá comhchosúil le leibhéal forbartha eacnamaíche Dhaon-Phoblacht na Síne.

(86) I dtaca le hinfhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch, de réir na hiarrata, bhí sonraí maidir le tosca táirgthe tábhachtacha, staidreamh allmhairiúcháin agus praghsanna fuinnimh ar fáil go héasca maidir le Meicsiceo.

(87) Mar a mhínítear sa Nóta maidir le foinsí, d'aimsigh an Coimisiún cuideachta amháin i Meicsiceo, 'Ternium' a raibh sonraí airgeadais ar fáil go poiblí ina leith don tréimhse lena mbaineann, agus a bhí brabúsach sa tréimhse sin ([55]).

(88) Tar éis a shuí gurb é Meicsiceo an tír ionadaíoch iomchuí, bunaithe ar gach ceann de na gnéithe thuasluaite, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(89) Sa Nóta maidir le foinsí, iarradh ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar iomchuibheas Mheicsiceo mar thír ionadaíoch agus tíortha eile a mholadh freisin, ar choinníoll go gcuirfidís faisnéis leordhóthanach isteach maidir leis na critéir ábhartha. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(90) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon Meicsiceo na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, chun go measfar é a bheith ina thír ionadaíoch iomchuí.

3.5. **Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a shuí**

(91) Sa Nóta ar fhoinsí, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta uile amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

([48]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/m/mexico/MEX.pdf
([49]) Le fáil ag https://connect.ihsmarkit.com/gta/home
([50]) https://www.cre.gob.mx/IPGN/ (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 24 Bealtaine 2023).
([51]) https://www.globalpetrolprices.com/Mexico/electricity_prices/
([52]) https://ilostat.ilo.org/topics/wages/
([53]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn 4.2.2.1 lch. 31.
([54]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, roinn 4.2.2.1, lch. 32.
([55]) https://investors.ternium.com/English/ternium/financial-information/default.aspx

(92) Luaigh an Coimisiún freisin sa Nóta ar fhoinsí, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a shuí maidir leis na tosca táirgeachta, go sonrach na hamhábhair.

(93) Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé na sonraí ón gCoimisiún um Rialú Fuinnimh de chuid Rialtas Mheicsiceo, sonraí ó Global Petrol Prices agus ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair chun costais neamhshaofa gháis, leictreachais agus saothair, faoi seach, a shuí.

(94) Chuir an Coimisiún in iúl do pháirtithe leasmhara, toisc nár chomhoibrigh onnmhaireoirí na Síne, go n-áireodh sé luach ar fhorchostais mhonaraíochta chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgthe dá dtagraítear thuas. Shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta le costais mhonaraíochta bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú ([56]).

(95) Ar deireadh, chuir an Coimisiún in iúl go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ón táirgeoir den tháirge faoi imscrúdú ó Mheicsiceo, mar a leagtar amach in aithris (79) thuas, chun SGA agus brabús a bhunú.

(96) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ó pháirtithe leasmhara maidir leis an liosta tosca táirgeachta sa Nóta maidir le foinsí.

3.6. **Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa**

3.6.1. *Tosca táirgeachta*

(97) I bhfianaise na faisnéise uile san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach ina dhiaidh sin, agus in éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ná barúlacha maidir leis an Nóta ar fhoinsí, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgthe cruach frithchreimní áirithe

Tosca Táirgeachta	Cód an Tráchtearra i Meicsiceo	Foinse sonraí	Aonad tomhais	Costas aonaid is infheidhme in CNY
Amhábhair				
Sinc – nach bhfuil cóimhiotalaithe & fuíoll draimh	7901 11 01 7902 00 01	GTA ([57])	Tonaí	27 184,16
Amhiarann, Neamh-cheirtleánaithe	2601 11 01	GTA	Tonaí	924,29
Gual biotúmanach, bíodh sé púdraithe nó ná bíodh	2701 12 01	GTA	Tonaí	1 772,34
Dramhchruach	7204 41 01	GTA	Tonaí	3 686,86
Cóc agus leathchóc guail, ligníte nó móna, bídís ceirtleánaithe nó ná bídís	2704 00 01	GTA	Tonaí	3 804,46
Fearósileacan, fearócróimiam, fearótíotáiniam	7202 21 01 7202 41 01 7202 91 01	GTA	Tonaí	21 393,32

([56]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, roinn 4.2.2.2 lch. 33 iarscríbhinn 8.
([57]) https://connect.ihsmarkit.com/gta/data-extracts/

Seachtháirge/dramhaíl				
Fuíoll na deile, scamhach, sliseoga, fuíoll meilte, min sáibh, mionrabh, scotháin agus stampáin as iarann nó as cruach, bídís tiomsaithe ina mbearta nó ná bídís (gan iad siúd déanta as iarann teilgthe, cruach chóimhiotail nó iarann stánaithe nó cruach stánaithe a áireamh)	7204 41	GTA	Tonaí	3 686,86
Fuinneamh/Fóntais				
Gás Nádúrtha	n/b	An Coimisiún um Rialú Fuinnimh, Rialtas Mheicsiceo ([58])	Gigigiúl (GJ)	40,85
Fuinneamh – Leictreachas	n/b	Praghsanna Peitril Domhanda ([59])	kWh	1,19
Gach amhábhar eile, pacáistíocht, tomhaltáin	n/b		Méid seasta	% den chostas díreach
Saothar				
Saothar díreach	n/b	EIS	Uaireanta an chloig	15,87

3.6.2. *Amhábhair*

(98) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas an tSín agus tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([60]).

(99) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur shocraigh sé i roinn 3.3 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear ar an gcuma chéanna do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín agus ó thíortha nach tíortha de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) iad chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

(100) D'fhonn praghas neamhshaofa na n-amhábhar tráth a seachadta ag geata mhonarcha an táirgeora a shuí, chuir an Coimisiún dleacht allmhairiúcháin na tíre ionadaíche i bhfeidhm, ag na leibhéil faoi seach, ag brath ar thír thionscnaimh an mhéid allmhairithe. Chuir an Coimisiún an costas iompair intíre sa Téalainn leis ar bhonn thuarascáil an Bhainc Dhomhanda dar teideal 'Doing Business' ([61]).

([58]) https://www.cre.gob.mx/IPGN/
([59]) https://www.globalpetrolprices.com/Mexico/electricity_prices/
([60]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.
([61]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/m/mexico/MEX.pdf

3.6.3. *Seachtháirgí*

(101) De réir na faisnéise san iarraidh ar athbhreithniú ([62]), ní fhaightear ach aon seachtháirge amháin as CRS a tháirgeadh, is é sin dramhchruach. Chun a phraghas neamhshaofa a shuí, chuir an Coimisiún costais iompair intíre leis an meánphraghas allmhairiúcháin isteach i Meicsiceo, de réir na modheolaíochta a úsáidtear le haghaidh amhábhar.

3.6.4. *Saothar*

(102) Chun luach an tsaothair a ríomh, d'úsáid an Coimisiún an staidreamh ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ([63]) arb infheidhme iad maidir le Meicsiceo. D'úsáid an Coimisiún sonraí de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le tuilleamh meánach ainmniúil míosúil fostaithe san earnáil monaraíochta i Meicsiceo le haghaidh 2022 agus maidir leis na huaireanta meánacha seachtainiúla a d'oibrigh siad in 2022.

3.6.5. *Leictreachas*

(103) D'úsáid an Coimisiún na sonraí a bhí ar fáil maidir leis na praghsanna leictreachais tionsclaíochta is infheidhme i Meicsiceo mar a d'fhoilsigh Global Petrol Prices ([64]) iad. Tráth a rinneadh an ríomh, bhain na sonraí ábhartha le mí Meán Fómhair 2022. Áirítear sa phraghas comhpháirteanna uile an bhille leictreachas mar atá costas na cumhachta, an dáilte agus na gcánacha.

3.6.6. *Gás nádúrtha*

(104) Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh de chuid Rialtas Mheicsiceo ([65]) a fhoilsíonn praghas an gháis nádúrtha do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) i Meicsiceo. D'úsáid an Coimisiún na sonraí ab infheidhme maidir le 2022 lenar cumhdaíodh tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.6.7. *Costais dhíreacha eile*

(105) Bhí costais dhíreacha eile bunaithe ar an bhfaisnéis maidir le tionscal an Aontais a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga (féach aithris (39)).

3.6.8. *Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis*

(106) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díolacháin agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(107) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus ós rud é go bhfuil comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair bunaithe ar na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

(108) I gcomhair costais SGA agus brabús, d'úsáid an Coimisiún na sonraí airgeadais atá ar fáil go poiblí, le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i dtaca leis an táirgeoir de chuid Mheicsiceo a luaitear in aithris (76) ([66]).

3.7. **Ríomh an ghnáthluacha**

(109) Ar bhonn an mhéid thuas, thóg an Coimisiún an gnáthluach in aghaidh an chineáil táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(110) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú faoi ídiú gach toisce (amhábhair, gás, leictreachas agus saothair) chun an chruach frithchreimní (CRS) a tháirgeadh.

([62]) Ibid.
([63]) https://ilostat.ilo.org/resources/concepts-and-definitions/description-wages-and-working-time-statistics/
([64]) https://www.globalpetrolprices.com/Mexico/electricity_prices/ (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 24.5.2023).
([65]) https://www.cre.gob.mx/IPGN/ (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 24.5.2023).
([66]) https://s2.q4cdn.com/156255844/files/doc_news/archive/AGSM/2023/Annual-Report-2022.pdf lch. 46.

(111) D'iolraigh an Coimisiún na méideanna tomhaltais faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a chonacthas i Meicsiceo, mar a thuairiscítear i Roinn 3.6. I gcás roinnt tosca táirgeachta arb ionann iad agus sciar diomaibhseach de chostais iomlána na n-amhábhar le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, sloinneadh iad mar chéatadán de na príomh-amhábhair mar a mhínítear in aithris (84). Chuir an Coimisiún an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na bpríomh-amhábhar le teacht ar an luach neamhshaofa.

(112) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús i bhfeidhm mar a luadh in aithrisí (98) go (100) le costas neamhshaofa na monaraíochta:

— Is éard a bhí i bhforchostais na monaraíochta ar an iomlán 34,5 % de chostais dhíreacha na monaraíochta,

— Costais SGA agus costais eile, arbh é a bhí iontu 9,2 % de Chostais na nEarraí a Díoladh, agus

— 21,4 % de chostas na n-earraí a díoladh ('COGS') a bhí sna brabúis, agus cuireadh iad le costais iomlána neamhshaofa na monaraíochta.

(113) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún meán ar gnáthluach in aghaidh an chineál táirge a ríomh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.8. **An praghas onnmhairiúcháin**

(114) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar shonraí allmhairithe Eurostat, ar leibhéal costais, árachais agus lasta ('CAL'). Laghdaíodh an praghas CAL sin de réir costais mhuirlasta agus árachais agus iompair intíre sa tSín chun teacht ar an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal díreach ón monarcha. Rinneadh scrúdú ar na sonraí a bhí ar fáil i ndáil le costais iompair intíre sa tSín lena n-áirítear na sonraí sa tuarascáil de réir tíre ar an tSín atá in Doing Business ([67]) agus i ndáil leis na costais mheánacha mhuirlasta agus árachais maidir le teacht ón tSín, bunaithe ar na sonraí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([68]). Chinn an Coimisiún áfach úsáid a bhaint as na sonraí ábhartha maidir le costais iompair arna soláthar san iarraidh ar athbhreithniú éaga ([69]), ós rud é go raibh siadsan níos nuashonraithe i gcomparáid leo siúd sna tuarascálacha eile.

3.9. **Comparáid agus corrlaigh dhumpála**

(115) Na gnáthluachanna ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán le haghaidh CRS, chuir an Coimisiún iad i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais dhírigh mar a shuitear thuas.

(116) Ar an mbonn sin, bhí an corrlach dumpála maidir le hallmhairithe ón tSín, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, ag 51,1 % ar an meán.

(117) Bhí méid na n-allmhairí isteach san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe diomaibhseach, áfach, is é sin comhfhreagrach le níos lú ná 0,01 % den sciar den mhargadh san Aontas agus dá réir sin breithníodh ar an gcainníocht sin mar chainníocht neamhionadaíoch. Ar an gcúis sin, chinn an Coimisiún nach leor na méideanna ísle sin chun bheith ina mbonn leordhóthanach chun leanúint d'anailís dumpála. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún imscrúdú freisin ar an dóchúlacht go ndéanfar an dumpáil an athuair.

3.10. **An dóchúlacht go ndéanfar an dumpáil an athuair**

(118) Rinne an Coimisiún imscrúdú de réir Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán maidir leis an dóchúlacht go ndéanfar an dumpáil an athuair má ligtear na bearta dul as feidhm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas:

— an acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín;

— an gaol idir na praghsanna a bhí i réim ar mhargadh an Aontais agus na praghsanna onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig tríú tíortha;

— leibhéal na bpraghsanna ar onnmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig tríú tíortha; agus

— tarraingteacht mhargadh an Aontais.

([67]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/c/china/CHN.pdf
([68]) https://stats.oecd.org/OECDStat_Metadata/ShowMetadata.ashx?Dataset=CIF_FOB_ITIC&ShowOnWeb=true&Lang=en
([69]) Iarraidh ar athbhreithniú, roinn 4.1.3, lch. 14.

3.10.1. *An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín*

(119) In éagmais comhoibrithe, shuigh an Coimisiún acmhainneacht táirgthe agus acmhainneacht bhreise sa tSín ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú ([70]) agus na faisnéise ó CEIC Data ([71]).

(120) De réir na faisnéise atá san iarraidh ar athbhreithniú, meastar gurb í an acmhainneacht táirgthe cruach sa tSín faoi láthair 1,2 billiún tona in aghaidh na bliana, agus gurb é 1 bhilliún tona an t-ídiú measta ([72]). Is ionann sin agus acmhainneacht bhreise de 0,2 billiún tona in aghaidh na bliana. Ar ndóigh, tá ró-acmhainneacht i dtáirgeadh cruach bunaithe go maith sa tSín ([73]). Thairis sin, rannchuideodh Daon-Phoblacht na Síne le ceathrú den mhéadú iomlán a tháinig ar acmhainneacht déanaimh cruach in 2023 ([74]).

(121) Mhínigh an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú go raibh deacrachtaí aige i gcás sonraí sonracha a fháil ina léirítear acmhainneacht táirgthe le haghaidh cruach frithchreimní (CRS) amháin. Dá bhrí sin, d'úsáid sé sonraí a bhí ar fáil maidir le táirgeadh agus acmhainneacht le haghaidh táirgí galbhánaithe teothumtha ('HDG') agus leictreach-ghalbhánaithe (EG), toisc go n-áirítear CRS i dtáirgí HDG agus EG laistigh dá raon ([75]). Dá bhrí sin, bhí an t-iarratasóir den tuairim gurb é an bealach is beachta chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht CRS sonraí a úsáid a bhaineann le HDG ([76]).

(122) Maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin CRS sa tír lena mbaineann, ní hamháin go bhfuil acmhainneacht bhreise atá sonrach agus méadaitheach acu, ach tá an cumas acu freisin acmhainneacht a mhéadú a thuilleadh go pras más gá. Is é is cúis leis sin ná gur féidir táirgí CRS agus táirgí eile HDG a tháirgeadh ar bhonn inmhalartaithe ar na línte táirgthe céanna agus gur féidir le táirgeoirí HDG athrú ó tháirge amháin go dtí an táirge eile. ([77]).

(123) Ar an mbonn sin, shuigh an t-iarratasóir gur méadaíodh acmhainneacht táirgthe chruach HDG ó 50,4 milliún tona in 2018 go dtí 51,2 milliún in 2022. Thug sé dá aire freisin gur laghdaíodh úsáid acmhainneachta in 2022 mar gheall ar easpa éilimh ar tháirgí cruach ar an margadh intíre ([78]) – rud a thug an Comhlachas Domhanda Cruach faoi deara freisin i dtionscal cruach na Síne, agus réamhfhaisnéis á tabhairt aige go mbeidh an dearcadh neamhchinnte in 2024 ó thaobh na Síne agus a hídiú intíre de ([79]). Tá sé tuartha go bhfuil an laghdú sin ar úsáid acmhainneachta chun titim go dtí 86,2 % in 2023 agus go dtitfidh sí a thuilleadh, is é sin go 85,7 % faoi 2026 ([80]). Bheadh acmhainneacht bhreise mheasta de 6,4 milliún tona HDG agus EG na Síne le chéile comhionann le breis agus 80 % d'ídiú saor CRS i margadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([81]).

(124) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil acmhainneacht bhreise shuntasach ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chun CRS a tháirgeadh chun a onnmhairiú chuig an Aontas, rud a fhágann gur dócha go dtiocfadh méadú ar onnmhairí ar phraghsanna dumpáilte dá ligfí do na bearta dul i léig.

3.10.2. *Praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha ó Dhaon-Phoblacht na Síne*

(125) Mar a luaitear thuas in aithris (28), tháinig deireadh a bheag nó a mhór le hallmhairí cruach frithchreimní (CRS) ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá dheasca sin, mar gheall ar an méid an-bheag lena mbaineann ní raibh praghas allmhairiúcháin an táirge lena mbaineann chuig an Aontas ionadaíoch.

([70]) Iarraidh ar athbhreithniú, roinn 5.3.1, lch. 38.
([71]) Is cuideachta um fhaisnéis mhargadh é CEIC Data arbh fhéidir teacht ar fhaisnéis fúithi anseo: https://www.ceicdata.com/en/china/steel-production
([72]) Ibid. lch. 39 https://asia.nikkei.com/Spotlight/Caixin/China-s-steel-industry-at-a-crossroads-as-long-winter-looms
([73]) Féach, mar shampla, bosca 2 sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ó Fhóram Domhanda G20 maidir le Ró-Acmhainneacht sa Tionscal Cruach (GFSEC) a d'ullmhaigh éascaitheoir ECFE dar dáta an 20.12.2022 atá le fáil ag https://www.steelforum.org/gfsec-2022-progress-report.pdf.
([74]) Cur i láthair 'Na Forbairtí is Déanaí in Acmhainneacht Déanaimh Cruach' ón 94 ú seisiún de Choiste ECFE um Chruach, Páras, 25.9.2023, le fáil ag https://www.oecd.org/industry/ind/94th_Steel_Committee_Global_Steelmaking_Capacity.pdf.
([75]) Iarraidh ar athbhreithniú, aithris (149), lch. 40.
([76]) Iarraidh ar athbhreithniú, lch. 40.
([77]) Iarraidh ar athbhreithniú, aithris (149), lch. 40.
([78]) Iarraidh ar athbhreithniú, aithris (148), lch. 39.
([79]) Preaseisiúint 'worldsteel Short Range Outlook October 2023', dar dáta an 17.10.2023 agus le fáil ag https://worldsteel.org/wp-content/uploads/worldsteel-Short-Range-Outlook-October-2023.pdf.
([80]) Iarraidh ar athbhreithniú, aithris (153), lch. 41.
([81]) Iarraidh ar athbhreithniú, aithris (154), lch. 42.

(126) Bunaithe ar staidreamh allmhairiúcháin GTA ([82]), shainaithin an Coimisiún na deich n-allmhaireoir CRS ba mhó ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ba iad sin an Téalainn, an Chóiré Theas, an Bhrasaíl, an Indinéis, Vítneam, Iosrael, an tSile, Peiriú, an tSeapáin agus na hOileáin Fhilipíneacha. B'ionann onnmhairí chuig na tíortha sin agus 54,9 % de na honnmhairí uile ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. San iarraidh ar athbhreithniú, áfach, thug an t-iarratasóir dá aire go raibh an praghas onnmhairiúcháin chuig na hOileáin Fhilipíneacha thar a bheith ard le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. De bhrí go raibh praghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig na hOileáin Fhilipíneacha in 2019 agus in 2020 cosúil le praghsanna chuig cinn scríbe eile, in 2021 tháinig méadú thart ar 120 % ar an bpraghas onnmhairiúcháin chuig na hOileáin Fhilipíneacha in 2021 agus méadú breise 50 % air in 2022 (méadú comhiomlánaithe 220 % idir 2020 agus 2022) agus bhí meánmhéadú 50 % ar phraghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig gach ceann scríbe eile le linn na tréimhse céanna. Mhínigh an t-iarratasóir san iarraidh gurbh é ba chúis leis an bhforbairt sin a tháinig ar phraghsanna onnmhairiúcháin chuig na hOileáin Fhilipíneacha den chuid is mó ná go raibh na hOileáin Fhilipíneacha ag brath go mór ar allmhairí cruach agus mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair ón Rúis, go raibh siad ag ceannach táirgí cruach costasacha ón tSín ([83]), lena n-áirítear CRS. Dá bhrí sin, i bhfianaise an mhéid thuas agus i bhfianaise na heaspa comhoibrithe idir táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, mheas an Coimisiún nach féidir na praghsanna onnmhairiúcháin chuig na hOileáin Fhilipíneacha a mheas ina tháscaire iontaofa ar leibhéal an phraghais onnmhairiúcháin agus chinn sé gan na praghsanna onnmhairiúcháin chuig na hOileáin Fhilipíneacha a chur san áireamh ina anailís.

(127) Choigeartaigh an Coimisiún na praghsanna a tuairiscíodh do na naoi dtír eile chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha trí na costais mhuirlasta agus árachais ([84]) agus na costais iompair intíre sa tSín a asbhaint ([85]). Tá praghas an táirge a onnmhairítear chuig na naoi gceann scríbe onnmhairiúcháin a ndearnadh anailís orthu fós níos ísle ná an leibhéal praghsanna atá i réim san Aontas mar a mhínítear in aithris (122) thíos.

(128) Ansin, chuir an Coimisiún an gnáthluach a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin chuig na naoi bpríomhcheann scríbe onnmhairiúcháin. Taispeánadh leis an gcomparáid go raibh praghsanna onnmhairiúcháin chuig na naoi dtír i bhfad níos ísle ná an gnáthluach mar a leanas:

Tábla 2

An difríocht idir praghsanna idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin

Tír	% d'onnmhairí iomlána 'domhanda' CRS ó Dhaon-Phoblacht na Síne	An difríocht idir praghsanna idir an gnáthluach agus praghsanna onnmhairiúcháin in aghaidh na tíre (%)
An Téalainn	10,4	115,7
An Chóiré Theas	10,4	128,9
An Bhrasaíl	6,3	110,3
An Indinéis	4,6	92,3
Vítneam	3,1	76,8
Iosrael	2,8	120,5
An tSile	2,7	97,1
Peiriú	2,6	107,4
An tSeapáin	2,4	106,5

(129) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i gcás ina mbeadh na bearta le dul in éag agus dá mbeadh na praghsanna, ag a ndéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir leis an bpraghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha a chonacthas le linn an athbhreithnithe, go mbeadh an leibhéal dumpála suntasach.

([82]) https://connect.ihsmarkit.com/gta/data-extracts/
([83]) Iarraidh ar athbhreithniú, roinn 4.1.2 lch. 12.
([84]) https://stats.oecd.org/OECDStat_Metadata/ShowMetadata.ashx?Dataset=CIF_FOB_ITIC&ShowOnWeb=true&Lang=en
([85]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/c/china/CHN.pdf

3.10.3. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(130) De réir na sonraí ó GTA, d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne chuig na 9 bpríomhcheann scríbe a luaitear in aithris (118) ar mheánphraghas 15 % níos ísle ná an praghas a bhí i réim ar mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithne. Luaigh an t-iarratasóir freisin san iarraidh ar athbhreithniú gur tháinig laghdú suntasach ar chostais loingseoireachta ón tSín go dtí an Eoraip le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([86]). Agus leibhéal na bpraghsanna agus an laghdú ar chostais loingseoireachta á gcur san áireamh, tá margadh an Aontais i bhfad níos tarraingtí d'onnmhaireoirí Síneacha ná gach tír eile seachas na hOileáin Fhilipíneacha. Dá réir sin, in éagmais beart, thiocfadh brabúis níos airde as praghsanna agus méideanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas a d'fhéadfadh a bheith níos airde ná onnmhairí chuig tríú tíortha eile, lena léirítear tarraingteacht mhargadh an Aontais.

(131) Cé gur tháinig laghdú ar mhéideanna onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas tar éis na bearta bunaidh a fhorchur, monaraíonn táirgeoirí de chuid na Síne méideanna suntasacha den táirge faoi athbhreithniú agus, i gcomhréir le staidreamh GTA, d'onnmhairigh siad beagnach 10 milliún de ar fud an domhain le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(132) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí na méideanna CRS a onnmhairíodh chuig tíortha lasmuigh den Aontas coibhéiseach le tomhaltas iomlán an Aontais agus thart ar 30 % níos mó ná táirgeacht an Aontais, le linn na tréimhse céanna. Mar gheall ar tharraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí praghsála, oscailteachta agus tomhaltais mhéadaithe, meastar, má dhéantar na bearta a fhoirceannadh, gur dócha go ndéanfaidh onnmhaireoirí na Síne méideanna suntasacha CRS ar phraghsanna dumpáilte a atreorú chuig margadh an Aontais atá níos brabúsaí.

(133) Ina theannta sin, tá bearta cosanta trádála tugtha isteach nó leathnaithe ar allmhairí CRS na Síne i roinnt mhaith margaí ar fud an domhain. Áirítear orthu sin an India (bearta frithdhumpála maidir le cóid HS 7225 99 agus 7226 99), an Afraic Theas agus an Namaib (bearta frithdhumpála maidir le cód HS 7210 49 agus 7210 61), Vítneam (bearta frithdhumpála maidir le cód HS 7225 99), Ceanada (bearta frithdhumpála maidir le cóid HS 7210 49 agus 7226 99), Aontas Eacnamaíoch Eoráiseach (bearta frithdhumpála maidir le cóid HS 7210 49 agus 7210 61), an Mhalaeisia (bearta frithdhumpála maidir le cóid HS 7210 61 agus 7226 99) agus an Téalainn (bearta frithdhumpála maidir le cód HS 7210 49) ([87]). Tá bearta frithdhumpála ag an Úcráin freisin maidir le gach cód HS a bhaineann leis an táirge lena mbaineann. Tá bearta faoi Roinn 232 i bhfeidhm freisin sna Stáit Aontaithe agus tá bearta coimirce i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe. Is éard atá sna bearta sin teorainneacha onnmhairiúcháin do tháirgeoirí CRS de chuid na Síne chuig margaí onnmhairiúcháin suntasacha eile agus an dóchúlacht go n-atreorófar onnmhairí Síneacha chuig margadh an Aontais a mhéadú a thuilleadh mura mbeadh bearta i bhfeidhm.

(134) Ar deireadh, bhí suim ag Daon-Phoblacht na Síne i margadh an Aontais fiú tar éis na bearta bunaidh a fhorchur, mar a cruthaíodh leis an imscrúdú frith-imchéimniúcháin ar bhearta frithdhumpála allmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne lenar leathnaíodh na bearta atá i gceist chun cineálacha áirithe cruach frithchreimní a mhodhnú beagán ([88]). Ós rud é gur ghlac an tAontas coimircí maidir le táirgí cruach áirithe, lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú, ní athraítear an chonclúid sin. Tá na méideanna allmhairí faoin gcuóta ráta taraife iarmharach socraithe ar leibhéal a d'fhéadfadh ligean don tSín méideanna suntasacha cruach frithchreimní a onnmhairiú.

(135) Dá bhrí sin, má cheadaítear do bhearta dul in éag san Aontas, is dócha go n-atosóidh táirgeoirí na Síne onnmhairiú CRS dumpáilte chuig margadh an Aontais i méideanna suntasacha.

3.10.4. *Conclúid maidir leis an dóchúlacht go ndéanfar an dumpáil an athuair*

(136) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh dumpáil ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gur dócha go dtarlódh dumpáil arís dá ligfí do na bearta atá ann faoi láthair dul i léig.

(137) Go háirithe, leibhéal an ghnáthluacha a suíodh don tSín, i gcomparáid le leibhéal na bpraghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig margaí tríú tíortha agus chuig an Aontas, tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí leibhéal a phraghsanna agus a mhéid agus an acmhainneacht mhór táirgeachta atá le fáil sa tSín, léiríonn siad sin go léir gur dócha go ndéanfar an dumpáil an athuair i gcás ina ligfí do na bearta atá ann faoi láthair dul as feidhm.

([86]) Iarraidh ar athbhreithniú, lch. 5.
([87]) https://www.globaltradealert.org/data_extraction 13 Nollaig 2023. Uimhir chomhaid: t23.006663
([88]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156.

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(138) Rinne 21 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad 'tionscal an Aontais' iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(139) Suíodh gur thart ar 7 743 498 dtona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lena n-áirítear táirgeacht le haghaidh an mhargaidh faoi chuing. Shuigh an Coimisiún an táirgeadh ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir a fuarthas ón iarratasóir agus na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Mar a léirítear in aithris (13), na trí tháirgeoir de chuid an Aontais a roghnaíodh sa sampla, bhí tuairim agus 29 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil acu.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(140) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn: (a) sonraí an iarratasóra maidir le díolacháin an táirge chomhchosúil ag tionscal an Aontais, mar aon lena úsáid faoi chuing (lena n-áirítear díolacháin faoi chuing), iad cros-seiceáilte leis na méideanna díolacháin agus méideanna na n-úsáidí faoi chuing a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte an Aontais; agus (b) allmhairí an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas ó gach tríú tír mar a tuairiscítear in Eurostat.

(141) Is mar a leanas a d'fhorbair tomhaltas an Aontais:

Tábla 3

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	9 011 034	9 184 071	11 063 151	9 547 573
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*102*	*123*	*106*
Tomhaltas ar an margadh faoi chuing	1 864 394	1 764 931	2 091 845	1 916 305
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*95*	*112*	*103*
Tomhaltas saormhargaidh	7 146 640	7 419 141	8 971 306	7 631 268
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*104*	*126*	*107*

Foinse: Eurostat, iarratasóir, agus táirgeoirí sampláilte an Aontais

(142) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 7 % ar thomhaltas an Aontais ar an saormhargadh. Ba in 2021 a tháinig an méadú ba shuntasaí ar thomhaltas mar gheall ar théarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19. Sa tréimhse chéanna, tháinig luainiú ar an éileamh sa mhargadh faoi chuing agus tháinig méadú 3 % air ar an iomlán. Ba é ba chúis, i bpáirt, leis na luaineachtaí sa mhargadh faoi chuing éagsúlachtaí i leibhéal úsáide na línte a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a mhonarú chun críche táirgí monaraíochta nach dtagann faoi raon feidhme an athbhreithnithe.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(143) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí na hallmhairí sin a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

(144) Tháinig forbairt ar allmhairí chuig an Aontas ón tír lena mbaineann mar a leanas:

Tábla 4

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (tonaí)	196	232	10 926	953
Sciar den mhargadh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne	0,0 %	0,0 %	0,1 %	0,0 %

Foinse: Eurostat

(145) Bhí allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tSín isteach san Aontas ar leibhéil an-íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá dheasca sin, bhí an sciar den mhargadh de chuid na Síne diomaibhseach.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

Tábla 5

Praghsanna d'allmhairí ón tír lena mbaineann

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas	998	1 037	972	1 395
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*104*	*97*	*140*

Foinse:Eurostat

(146) Tháinig méadú 40 % ar phraghsanna ón tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach bhí feidhm leo an t-am ar fad maidir le méideanna allmhairí. Ní cheadaíonn na méideanna beaga allmhairí sin ón tSín d'aon ríomh sladghearrtha praghais bríoch.

4.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín**

(147) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí isteach san Aontas agus ar an sciar den mhargadh agus ar threochtaí praghsanna i gcás allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní ó thríú tíortha eile:

Tábla 6

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Vítneam	Méid (tonaí)	28 972	51 241	744 010	709 484
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*177*	*2 568*	*2 449*
	Sciar den mhargadh	0,4 %	0,7 %	8,3 %	9,3 %
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*170*	*2 046*	*2 293*
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	664	608	1 007	1 132
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*92*	*152*	*170*

An Tuirc	Méid (tonaí)	472 298	704 823	1 029 743	581 706
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*149*	*218*	*123*
	Sciar den mhargadh	6,6 %	9,5 %	11,5 %	7,6 %
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*144*	*174*	*115*
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	615	562	934	1 138
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*91*	*152*	*185*
An Téaváin	Méid (tonaí)	137 310	164 223	281 377	362 660
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*120*	*205*	*264*
	Sciar den mhargadh	1,9 %	2,2 %	3,1 %	4,8 %
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*115*	*163*	*247*
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	655	627	880	1 225
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*96*	*134*	*187*
An India	Méid (tonaí)	195 469	159 695	479 238	197 750
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*82*	*245*	*101*
	Sciar den mhargadh	2,7 %	2,2 %	5,3 %	2,6 %
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*79*	*195*	*95*
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	637	576	1 023	1 091
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*90*	*161*	*171*
An Chóiré Theas	Méid (tonaí)	221 329	241 201	144 540	164 311
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*109*	*65*	*74*
	Sciar den mhargadh	3,1 %	3,3 %	1,6 %	2,2 %
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*105*	*52*	*70*
	Meánphra-ghas (EUR/tona)	683	622	862	1 213
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*91*	*126*	*178*
An Rúis	Méid (tonaí)	182 292	276 474	278 278	117 971
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*152*	*153*	*65*

	Sciar den mhargadh	2,6 %	3,7 %	3,1 %	1,5 %
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*146*	*122*	*61*
	Meánphraghas (EUR/tona)	606	547	988	1 148
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*90*	*163*	*189*
An Afraic Theas	Méid (tonaí)	–	–	76 165	107 412
	Innéacs (2021 = 100)	–	–	*100*	*141*
	Sciar den mhargadh	–	–	0,8 %	1,4 %
	Innéacs (2021 = 100)	–	–	*100*	*166*
	Meánphraghas (EUR/tona)	–	–	1 187	1 230
	Innéacs (2021 = 100)	–	–	*100*	*104*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	133 941	140 573	242 601	229 747
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*105*	*181*	*172*
	Sciar den mhargadh	1,9 %	1,9 %	2,7 %	3,0 %
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*101*	*144*	*161*
	Meánphraghas (EUR/tona)	622	564	960	1 125
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*91*	*154*	*181*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	Méid (tonaí)	1 371 611	1 738 230	3 275 952	2 471 041
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*127*	*239*	*180*
	Sciar den mhargadh	19,2 %	23,4 %	36,5 %	32,4 %
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*122*	*190*	*169*
	Meánphraghas (EUR/tona)	634	577	968	1 153
	Innéacs (2019 = 100)	*100*	*91*	*153*	*182*

Foinse: Eurostat

(148) Tháinig méadú 80 % ar an iomlán ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne, agus buaicphointe áirithe in 2021 tar éis an téarnaimh ó ghéarchéim COVID-19. Is sa Tuirc agus i Vítneam den chuid is mó a tionscnaíodh na hallmhairí sin.

(149) Bhí allmhairí ón Tuirc suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé go raibh éagsúlacht ann sna méideanna. D'fhéadfadh sé go raibh tionchar diúltach ag tionscnamh imscrúdaithe frithdhumpála an 24 Meitheamh 2021 ([89]) maidir le hallmhairí táirge chomhchosúil de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce ([90]) ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón dá thír sin in 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(150) Bhí allmhairí ó Vítneam teoranta in 2019 agus in 2020 ach tháinig méadú ollmhór ar allmhairí ó Vítneam faoi níos mó ná 2 000 % chun go mbeadh siad mar an phríomhfhoinse onnmhairí. Ba iad an dá phríomhchúis leis an méadú sin teacht i bhfeidhm comhaontaithe saorthrádála idir an tAontas agus Vítneam ([91]) agus cruach fhrithchreimneach Vítneam a eisiamh ón gcosaint cruach go dtí mí an Mheithimh 2022 ([92]).

(151) Tháinig méadú ó thart ar 19,2 % in 2019 go 32,4 % ar sciar den mhargadh de thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(152) San achomaireacht, ó bhí 2020 ann, bhí praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais, agus bhí an bhearna ag éirí níos cúinge le himeacht ama. Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara gur féidir meascáin táirgí éagsúla a bheith ann agus, go sonrach maidir leis an Tuirc, go n-eisiatar leis na praghsanna sa tábla thuas dleachtanna frithdhumpála is infheidhme sa chuid dheireanach de 2022.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(153) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(154) Mar a luaitear i roinn 1.6.1, úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(155) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhí sa fhreagra a thug Eurofer ar an gceistneoir a bhain le táirgeoirí uile an Aontais, agus rinneadh iad a chros-seiceáil i gcás iar gá leis na freagraí ar an gceistneoir a thug na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Fíoraíodh an dá thacar sonraí agus fuarthas amach go raibh siad ionadaíoch do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(156) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(157) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

([89]) Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce (IO C 245, 24.6.2021, lch. 21).

([90]) Dleachtanna frithdhumpála idir 10,3-37,4 % % i gcás na Rúise agus 2,4-11 % le haghaidh na Tuirce de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1395 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce (IO L 211, 12.8.2022, lch. 127).

([91]) Féach preaseisiúintí 2020 'Tagann comhaontú trádála idir an tAontas agus Vítneam i bhfeidhm' atá le fáil ag https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_20_1412 agus 'Comhaontú trádála an Aontais chun dul chun tairbhe do thionscal cruach Vítneam' atá le fáil ag https://eurometal.net/eu-trade-agreement-to-benefit-vietnam-steel-industry/#:~:text=EU%20trade%20agreement%20to%20benefit%20Vietnam%20steel%20industry.,tariffs%20on%20Vietnam%E2%80%99s%20industrial%20products%20over%20seven%20years.

([92]) Féach an phreaseisiúint 'Cuireann an tAontas síneadh bliana breise le cuótaí, lena n-áirítear Vítneam i gcuóta HDG' dar dáta 1.6.2022 atá le fáil ag https://www.steelorbis.com/steel-news/latest-news/eu-extends-quotas-for-another-year-includes-vietnam-in-hdg-quota-1246393.htm

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(158) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 7

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí)	9 209 033	8 901 268	8 995 570	7 743 498
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*97*	*98*	*84*
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	11 569 564	12 587 213	11 159 969	11 244 662
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*109*	*96*	*97*
Úsáid acmhainneachta	79,6 %	70,7 %	80,6 %	68,9 %
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*89*	*101*	*87*

Foinse: Eurofer agus táirgeoirí sampláilte an Aontais

(159) Bhí luaineachtaí i méid táirgeachta thionscal an Aontais agus tháinig laghdú 16 % air ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an laghdú in 2020 i bpáirt mar gheall ar an mbrú ó allmhairí ón Tuirc agus ón Rúis ([93]). Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí éagsúlacht ann in acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais. Ar an iomlán, tháinig laghdú 3 % uirthi. Tháinig an laghdú ar an méid táirgeachta sa chuid dheireanach den tréimhse faoi bhreathnú den chuid is mó, agus an laghdú ar an acmhainneacht táirgeachta go hiomlán, mar thoradh ar dheacrachtaí airgeadais neamhionadaíocha agus deacrachtaí oibríochtúla dá ndeasca a bhí ag táirgeoir neamhshampláilte amháin de chuid an Aontais ([94]). Tháinig laghdú 13 % ar an ráta úsáide acmhainneachta, is é sin an toradh a bhí ar an laghdú ar tháirgeadh an Aontais.

(160) Mar sin féin, mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, tá na treochtaí thuas teoiriciúil go páirteach toisc go n-úsáideann táirgeoirí an Aontais línte galbhánúcháin teothumtha chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh ach freisin táirgí eile nach bhfuil faoi réir an athbhreithnithe seo. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, athraíodh an cion de na línte táirgthe a leithdháileadh don táirge faoi athbhreithniú i gcás táirgeoirí áirithe.

4.5.2.2. Méideanna na ndíolachán ar an saormhargadh, méideanna a úsáidtear faoi chuing agus an sciar den mhargadh

(161) Tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 8

An méid díolachán ar an margadh saor agus an sciar den mhargadh

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Díolacháin ar an margadh saor (tonaí)	5 774 832	5 680 681	5 684 429	5 159 274
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*98*	*98*	*89*
An sciar den mhargadh ag díolacháin an mhargaidh shaoir (%)	80,8 %	76,6 %	63,4 %	67,6 %
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*95*	*78*	*84*

Foinse: Eurofer agus táirgeoirí sampláilte an Aontais

([93]) Le haghaidh tuilleadh eolais, féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1395.
([94]) In 2021, thit Liberty Liège-Dudelange as a chéile agus bhí sé faoi leachtú mar gheall ar fhiacha gan íoc. Tá tairiscint táthcheangail á meas.

(162) Tháinig laghdú 11 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an laghdú go príomha idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus mínítear é le crapadh an tomhaltais le linn na tréimhse sin agus le cliseadh táirgeora mhóir neamhshampláilte de chuid an Aontais in 2021, mar a mhínítear in aithris (151).

(163) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 16 % ar sciar den mhargadh den tionscal de chuid an Aontais sa saormhargadh mar, an tráth céanna, tháinig méadú ollmhór ar allmhairí, i.e. i ndearbhthéarmaí bhí a méadú dhá oiread níos airde ná an méadú ar thomhaltas.

Tábla 9

Méideanna faoi chuing agus sciar an mhargaidh

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Margadh faoi chuing (tonaí)	1 864 394	1 764 931	2 091 845	1 916 305
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*95*	*112*	*103*
An sciar den mhargadh faoi chuing roinnte ar tháirgeacht iomlán an Aontais (%)	20,2 %	19,8 %	23,3 %	24,7 %
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*98*	*115*	*122*

Foinse: Eurofer agus táirgeoirí sampláilte an Aontais

(164) Bhí méid faoi chuing thionscal an Aontais réasúnta cobhsaí agus tháinig méadú foriomlán 3 % air.

(165) Mar gheall ar an laghdú ar tháirgeadh an Aontais, tháinig méadú ar sciar an mhargaidh faoi chuing thar tháirgeacht iomlán an Aontais.

4.5.2.3. Fás

(166) D'éirigh le tionscal an Aontais tairbhiú go páirteach de thréimhsí fáis ar mhargadh an Aontais fiú dá mbeadh a úsáid acmhainneachta níos ísle ná mar a bhí le linn an imscrúdaithe bunaidh agus go raibh athstruchtúrú áirithe ar siúl. Choinnigh tionscal an Aontais sciartha margaidh suntasacha le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(167) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 10

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	11 117	12 048	10 385	9 593
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*108*	*93*	*86*
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	828	739	866	807
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*89*	*105*	*97*

Foinse: Eurofer agus táirgeoirí sampláilte an Aontais

(168) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, luanaigh leibhéal fostaíochta thionscal an Aontais a bhain le táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus tháinig laghdú 14 % air. Tá an laghdú sa chuid dheireanach den tréimhse faoi bhreathnú le cur i leith na bhforbairtí ag táirgeoir mór amháin mar a luaitear in aithris (151) thuas. Ina theannta sin, is teoiriciúil iad cuid de na luaineachtaí mar thoradh ar shamhlacha táirgeachta éagsúla agus ar mhodheolaíochtaí leithdháilte éagsúla maidir le hacmhainní a bhí mar thúsphointe ina fhine táirgí a bhí níos leithne ná an táirge faoi athbhreithniú (is iad sin na táirgí galbhánaithe teothumtha uile).

(169) Tháinig laghdú 3 % ar tháirgiúlacht an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse lena mbaineann. Tá na luaineachtaí nasctha leis an laghdú ar mhéideanna táirgeachta san Aontas in 2020 agus le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

(170) Bhí leibhéal na n-allmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe an-teoranta, agus is éard a bhí iontu ná sciar diomaibhseach de thomhaltas an Aontais. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais a shuí go fóinteach. Díríodh an t-athbhreithniú ar an dóchúlacht go ndéanfar an dumpáil an athuair i gcás ina n-aisghairfí na bearta frithdhumpála. Mar sin féin, mar a luaitear in aithris (120), bhí an difríocht idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha ag leibhéal suntasach.

(171) Bhí cineálacha cruach frithchreimní faoi réir imscrúduithe frithdhumpála roimhe seo. San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún, le linn na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016, go raibh tionchar suntasach ag allmhairí dumpáilte den táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad ar staid thionscal an Aontais. I mí Lúnasa 2020, mar gheall ar imscrúdú frith-imchéimniúcháin ar na bearta frithdhumpála ar allmhairí de thionscnamh na Síne, leathnaíodh na bearta i gceist chun cineálacha áirithe cruach frithchreimní atá modhnaithe beagán a chumhdach ([95]). In imscrúdú a bhaineann, *inter alia*, leis an táirge faoi athbhreithniú, chinn an Coimisiún, le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 30 Nollaig 2020, go raibh tionchar diúltach ag allmhairí dumpáilte de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce ar staid thionscal an Aontais ([96]).

(172) Bhí tionscal an Aontais fós ag téarnamh ó chleachtais dhumpála roimhe seo nuair a cuireadh tús leis an imscrúdú reatha. Mar sin féin, is léir go raibh tionchar dearfach ag na bearta a bhí i bhfeidhm ar thionscal an Aontais.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(173) Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh	628	587	1 039	1 162
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*93*	*165*	*185*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	601	588	789	986
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*98*	*131*	*164*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

([95]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156.
([96]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1395.

(174) D'fhéadfadh táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna díola a mhéadú san Aontas tar éis bearta cosanta trádála ábhartha a chur i bhfeidhm.

(175) Tháinig méadú 64 % san iomlán ar an gcostas táirgthe in aghaidh an aonaid le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú suntasach ar phraghsanna roinnt príomh-amhábhar agus fuinneamh sa dara leath den tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.3.2. Costais saothair

(176) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí ón Aontas a samplaíodh le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 12

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	72 692	68 225	77 162	81 837
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*94*	*106*	*113*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(177) Tháinig méadú 13 % ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú sealadach orthu in 2020 mar gheall ar bhearta tacaíochta poiblí a bhaineann le COVID-19.

4.5.3.3. Fardail

(178) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí ón Aontas a sampláladh le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 13

Fardail

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	154 680	111 817	171 244	160 558
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*72*	*111*	*104*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	7,6 %	5,3 %	7,2 %	7,6 %
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*70*	*96*	*100*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(179) De ghnáth, coinníonn táirgeoirí an Aontais leibhéal íseal stoic iad féin. Dá bhrí sin, meastar nach tábhachtach an táscaire díobhála iad na stoic i gcás an tionscail sin. Ina theannta sin, deimhnítear an méid sin freisin trí anailís a dhéanamh ar threocht na stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(180) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí de chuid na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 14

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2019	2020	2021	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	– 3,7 %	– 1,7 %	16,1 %	7,9 %
Innéacs (2019 = 100)	*- 100*	*- 46*	*435*	*214*
An sreabhadh airgid (EUR)	- 26 986 371	43 439 334	269 485 933	189 860 405
Innéacs (2019 = 100)	*- 100*	*161*	*999*	*704*
Infheistíochtaí (EUR)	27 483 583	30 820 545	25 152 956	35 339 227
Innéacs (2019 = 100)	*100*	*112*	*92*	*129*
An toradh ar infheistíochtaí	- 6 %	- 3 %	33 %	22 %
Innéacs (2019 = 100)	*- 100*	*- 50*	*550*	*367*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(181) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Rannchuidigh allmhairí dumpáilte ó roinnt tíortha le tionscal an Aontais, rud a d'fhág go raibh caillteanais ann in 2019 agus in 2020. Chuidigh na bearta cosanta trádála a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin le táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna díola a mhéadú go leibhéal níos airde ná an méadú ar a chostas táirgthe agus leibhéil bhrabúis inbhuanaithe a bhaint amach. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú suntasach ar bhrabúis i gcomparáid le 2021 toisc nárbh fhéidir leis na praghsanna díolacháin an méadú mór breise ar an gcostas táirgthe breise a chur san áireamh. Mar sin féin, bhí an bhrabúsacht a baineadh amach in 2021 agus in 2022 níos airde ná an spriocbhrabús a bunaíodh in imscrúduithe roimhe sin lenar cumhdaíodh an raon táirgí céanna agus atá beagán níos leithne ([97]).

(182) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Lean an treocht maidir le glansreabhadh airgid na forbairtí dearfacha i dtéarmaí brabúsachta.

(183) Is éard atá i gceist le hinfheistíochtaí, glanluach na sócmhainní de réir na leabhar. Tháinig méadú foriomlán ar na glaninfheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go ginearálta, bhí sé d'aidhm ag na hinfheistíochtaí na hacmhainneachtaí a bhí ann cheana a choinneáil, feabhas a chur ar an gcáilíocht, costais a laghdú agus fuinneamh a shábháil.

(184) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. D'fhorbair sé go han-dearfach i gcomhthéacs brabúis shuntasacha ach infheistíochtaí teoranta.

(185) Ní dhearna allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne difear don chumas caipiteal a thiomsú.

4.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(186) Léirítear leis an bhforbairt atá tagtha ar na maicreatháscairí agus ar na micreatháscairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú go raibh an staid airgeadais le haghaidh an tionscail de chuid an Aontais go maith in 2021 agus le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gur sháraigh an bhrabúsacht sa 2 bhliain na spriocbhrabúis don tionscal a bunaíodh roimhe sin.

([97]) Chun mionsonraí a fháil, féach Roinn 6.1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1395.

(187) Tháinig meath ar tháscairí áirithe bunaithe ar mhéid chomh maith le fostaíocht, ach d'fhéadfaí, ar mhaithe le cuid mhaith nó go hiomlán, deacrachtaí ar leith a bheith ag táirgeoir mór amháin de chuid an Aontais a chuir deireadh, nach mór, leis an táirgeadh le linn 2021. Léireodh gach táirgeoir eile de chuid an Aontais le chéile léargas ar thionscal de chuid an Aontais ar éigean, dá ndéanfadh an laghdú suntasach tomhaltais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe difear dó, agus an méadú mór ar allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(188) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5. DÓCHÚLACHT GO nDÉANFAR AN DÍOBHÁIL AN ATHUAIR

(189) Ba é conclúid an Choimisiúin sa roinn thuas nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, lena fháil amach an mbeadh dóchúlacht ann go ndéanfar an díobháil an athuair arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi ar an gcéad dul síos má ligtear do na bearta dul as feidhm.

(190) Ina leith sin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a chuir na páirtithe comhoibríocha ar fáil agus ar aon fhaisnéis eile atá le fáil ar comhad. Scrúdaigh sé an acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín; an gaol idir praghsanna san Aontas, praghsanna onnmhairiúcháin Dhaon-Phoblacht na Síne agus praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha; praghas dóchúil agus leibhéil méideanna na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne in éagmais bearta frithdhumpála; agus an tionchar ar thionscal an Aontais dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm.

(191) De réir na gconclúide in aithris (115), is éard atá in acmhainneacht bhreise CRS na Síne ná os cionn 80 % d'ídiú saor CRS i margadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ach d'fhéadfadh méadú teacht ar an gcéatadán sin i bhfianaise ráta úsáide na ngléasraí Síneacha frithchreimneacha, ráta a meastar gur 86,2 % a bheidh ann in 2023 ([98]). Thairis sin, mar a tugadh i gcrích in aithris (119), tá praghsanna san Aontas níos airde ná naoi gcinn de na deich gceann scríbe onnmhairiúcháin is mó atá ag CRS na Síne faoi láthair.

(192) Ar bhonn an mhéid sin, is mór an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar an méid onnmhairí ón tSín chuig an Aontas má théann na bearta frithdhumpála as feidhm. I bhfianaise an laghdaithe ar an éileamh intíre sa tSín, ós rud é gur féidir le táirgeoirí CRS athrú go héasca ó tháirgeadh táirgí eile HDG go CRS agus na praghsanna níos airde ar mhargadh an Aontais (féach aithrisí (115) agus (114), d'fhéadfadh an méadú sin a bheith níos mó fós ná acmhainneacht bhreise na Síne atá ann faoi láthair arbh ionann í agus 80 % de thomhaltas an Aontais cheana féin.

(193) Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (119), chuir an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí le praghsanna thionscal an Aontais i gcomparáid le praghsanna onnmhairiúcháin atá ann faoi láthair de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha. Rinneadh na praghsanna ar na príomhchinn scríbe onnmhairiúcháin le díolacháin ionadaíocha a luaitear in aithris (118) a choigeartú tríd an gcostas nó an t-iompar ón tSín chuig na tríú tíortha a asbhaint ar dtús agus ina dhiaidh sin trí na costais a bhaineann le hiompar ón tSín chuig an Aontas a chur leis, agus sonraí costais lastais aigéin á n-úsáid ón iarraidh ar athbhreithniú. Trí úsáid a bhaint as na praghsanna CAL ríofa sin agus iad a chur i gcomparáid le meánphraghsanna díola ualaithe na dtrí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú go leibhéal praghais díreach ón monarcha, rinneadh praghsanna onnmhairí Síneacha chuig tríú tíortha a ghearradh faoi 6,8 % ar mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais, arna gcoigeartú i gceart chuig an leibhéal díreach ón monarcha. Bhí faisnéis san iarraidh freisin lenar léiríodh gur onnmhairigh an tSín méideanna méadaitheacha chuig tíortha lasmuigh den Aontas ar phraghsanna ísle ([99]).

(194) Thairis sin, ós rud é go bhfuil na margaí onnmhairiúcháin tábhachtach do thionscal na Síne, tá níos mó agus níos mó deacrachtaí ag Daon-Phoblacht na Síne rochtain a fháil orthu mar gheall ar bhearta raon leathan arna bhforchur ag tríú tíortha eile in aghaidh allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní ón tSín, mar a dtugtar tuairisc orthu i Roinn 3 thuas.

([98]) Iarraidh ar athbhreithniú, pointe 3 (leathanach 5).
([99]) Iarraidh ar athbhreithniú, graf 7 agus pointe 169 (leathanach 47).

(195) Tá margadh an táirge faoi athbhreithniú an-iomaíoch ó thaobh praghais de. Dá bhrí sin, dá mba rud é gur dócha go dtiocfadh allmhairí ón tír lena mbaineann isteach san Aontas ar phraghsanna ísle, chuirfí iallach ar thionscal an Aontais a tháirgeacht a laghdú agus a phraghsanna a ísliú. Ní bheadh dóthain ama ag táirgeoirí an Aontais téarnamh ón staid díobhála a bhí ann roimhe seo, tuilleadh infheistíochta a dhéanamh agus a ngealltanais éagsúla a bhaint amach, lena n-áirítear gealltanais shóisialta agus chomhshaoil.

(196) Is dócha go mbeidh na leibhéil bhrabúis neamh-inbhuanaithe do thionscal den sórt sin atá dian ar chaipiteal. Déanfaidh caillteanais throma laistigh de thionscal an Aontais dochar dá chumas caipiteal a thiomsú, a inmharthanacht a chur i mbaol agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le dúnadh saoráidí táirgthe agus dífhostuithe agus cur isteach ar shlabhraí soláthair freisin.

(197) Tá bearta coimirce cruach i bhfeidhm a dtairbhíonn táirgeoirí de chuid an Aontais díobh cheana féin. Mar sin féin, leis an imscrúdú frithdhumpála atá ann faoi láthair, tugtar aghaidh ar shaincheist ar leith nach gcumhdaítear le haon bheart atá ann cheana.

(198) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa na mbeart agus gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís.

6. **LEAS AN AONTAIS**

(199) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

6.1. **Leas thionscal an Aontais**

(200) Thacaigh formhór an 21 tháirgeoir de chuid an Aontais leis an iarraidh ach níor chuir aon táirgeoir in aghaidh thionscnamh an imscrúdaithe. De réir na conclúide ar thángthas uirthi i roinn 4 thuas, ní bhaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a thuilleadh. De réir na conclúide ar thángthas uirthi i Roinn 5, áfach, bheadh aisghairm na mbeart mar thoradh ar insreabhadh athnuaite d'allmhairí dumpáilte ón tSín, rud a d'fhágfadh go ndéanfar an dumpáil an athuair mar thoradh air go tapa. Dá bhrí sin, tá sé chun leas thionscal an Aontais leanúint de na bearta.

6.2. **Leas allmhaireoirí neamhchomhlachaithe**

(201) Níor chomhoibrigh aon allmhaireoir leis an imscrúdú.

(202) Mar gheall ar easpa comhair ó na hallmhaireoirí, ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh allmhaireoirí ag feidhmiú go dona nó nach raibh siad in ann méaduithe ar phraghsanna, dá mba ann dóibh, a chur ar aghaidh.

(203) Tugann an Coimisiún dá aire, seachas táirgeacht fhlúirseach an Aontais, gur féidir le hallmhaireoirí agus slabhraí soláthair leas a bhaint as allmhairí ó roinnt mhaith soláthróirí agus tíortha. Níl sé i gceist le síneadh na mbeart allmhairí Síneacha ón margadh a eisiamh, ach amháin chun a áirithiú nach ndíolfar na hallmhairí sin ar phraghsanna dumpáilte, rud a dhéanann díobháil dá réir.

6.3. **Leas úsáideoirí**

(204) Ní dheachaigh úsáideoirí i gcomhar leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ar thionchar na mbeart atá ann cheana ar staid na n-úsáideoirí.

(205) Tugann an Coimisiún dá aire, le linn a imscrúdaithe bunaidh, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil éifeachtaí diúltacha suntasacha ag na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ar úsáideoirí ná ar thomhaltóirí. Go deimhin, is éard atá i gceist le cineálacha áirithe cruach frithchreimní cion réasúnta íseal de chostas tionscadail tógála (gan ach thart ar 1 faoin gcéad i gcás teach bríce agus 2 faoin gcéad i gcás foirgneamh oifige), mar a thugtar le fios i sampla dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 13 a ghabhann leis an iarraidh.

6.4. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(206) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa deireadh nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, a choinneáil ar bun.

7. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(207) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go ndéanfar an dumpáil an athuair, maidir leis an dóchúlacht go ndéanfar an díobháil an athuair agus maidir le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le cineálacha áirithe cruach frithchreimní ón tSín a choinneáil ar bun.

(208) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, is infheidhme go heisiach iad maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'. Níor cheart go mbeadh siad faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(209) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([100]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(210) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(211) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(212) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(213) Féadfaidh onnmhaireoir nó táirgeoir nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme faoi láthair ar a onnmhairí a shocrú a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí í faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála do chuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a dheonú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) ní dhearna sé an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme ar a onnmhairí a shocrú; (ii) ní bhaineann sé le cuideachta a rinne amhlaidh agus tá sé faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála dá bharr sin; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

([100]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170 / Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.

(214) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na fíorais agus breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe a mholadh go gcoinneofaí ar bun na bearta atá ann cheana. Tugadh tréimhse dóibh freisin lena bhféadfaidís uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(215) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([101]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(216) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([102]), d'fhorchuir an Coimisiún beart cosanta i leith táirgí áirithe cruach go ceann tréimhse 3 bliana. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún ([103]), cuireadh síneadh leis an mbeart cosanta go dtí an 30 Meitheamh 2024. Tá an táirge lena mbaineann ar cheann de na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an mbeart coimirce. Dá dheasca sin, ón uair a shárófaí na cuótaí taraife a leagtar amach faoin mbeart cosanta, bheadh an dleacht taraife os cionn an chuóta agus an dleacht frithdhumpála araon iníoctha ar na hallmhairí céanna. Toisc go bhféadfadh carnadh den sórt sin de bhearta frithdhumpála le bearta cosanta a bheith ina chúis le héifeacht ar thrádáil ar mó é ná mar atá inmhianaithe, chinn an Coimisiún cur i bhfeidhm comhthráthach na dleachta frithdhumpála leis an dleacht taraife os cionn an chuóta thuas don táirge lena mbaineann a chosc ar feadh fhad fhorchur na dleachta cosanta.

(217) Ciallaíonn sé sin, i gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann agus i gcás ina sáróidh sé leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála de bhun an Rialacháin seo, ní bhaileofar ach an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm comhthráthach na ndleachtanna coimirce agus frithdhumpála, cuirfear bailiú na ndleachtanna a forchuireadh de bhun an Rialacháin seo ar fionraí. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann agus ina mbeidh sí socraithe ag leibhéal níos ísle ná leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála sa Rialachán seo, baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus na dleachtanna frithdhumpála níos airde a forchuirtear de bhun an Rialacháin seo. Cuirfear an chuid de mhéid na ndleachtanna frithdhumpála nár bailíodh í ar fionraí.

(218) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail; iad déanta támh le halúmanam; iad plátáilte nó brataithe le galbhánú teothumtha le sinc agus/nó alúmanam, agus gan aon mhiotal eile; iad éighníomhaithe go ceimiceach; ina bhfuil, de réir meáchain: 0,015 % de charbóin nó níos mó, ach nach mó ná 0,170 %, 0,015 % d'alúmanam nó níos mó, ach nach mó ná 0,100 %, nach mó ná 0,045 % de niaibiam, nach mó ná 0,010 % de thíotáiniam agus nach mó ná 0,010 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcornaí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga.

([101]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([102]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

([103]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 225 I, 25.6.2021, lch. 1).

Cuirtear na táirgí seo a leanas as an áireamh:

— de chruach dhosmálta, de chruach shileacain-leictreach, agus de chruach ardluais,

— gan oibriú breise déanta orthu seachas teorolladh nó fuar-rolladh (fuarlaghdú).

Tá an táirge lena mbaineann faoi láthair faoi chóid AC ex 7210 41 00, ex 7210 49 00, ex 7210 61 00, ex 7210 69 00, ex 7212 30 00, ex 7212 50 61, ex 7212 50 69, ex 7225 92 00, ex 7225 99 00, ex 7226 99 30 agus ex 7226 99 70 (cóid TARIC: 7210 41 00 20, 7210 49 00 20, 7210 61 00 20, 7210 69 00 20, 7212 30 00 20, 7212 50 61 20, 7212 50 69 20, 7225 92 00 20, 7225 99 00 22, 7225 99 00 92, 7226 99 30 10, 7226 99 70 94) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a mhonaraíonn na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar a leanas a bheidh sé:

Cuideachta	Ráta dleachta cinntithí (%)	Cód Breise TARIC
Brainse Hesteel Co., Ltd Handan	27,8	C227
Handan Iron & Steel Group Han-Bao Co., Ltd	27,8	C158
Hesteel Co., Ltd Tangshan Branch	27,8	C159
Tangshan Iron & Steel Group High Strength Automotive Strip Co., Ltd	27,8	C228
Beijing Shougang Cold Rolling Co., Ltd	17,2	C229
Shougang Jingtang United Iron and Steel Co., Ltd	17,2	C164
Zhangjiagang Shagang Dongshin Galvanized Steel Sheet Co., Ltd	27,9	C230
Zhangjiagang Yangtze River Cold Rolled Sheet Co., Ltd	27,9	C112
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	26,1	Féach an Iarscríbhinn
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	27,9	C999

3. Déantar an dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir le hallmhairí ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, mar a leagtar amach i mír 2, a leathnú chun allmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail a chumhdach; iad plátáilte nó brataithe le galbhánú teothumtha le sinc agus/nó alúmanam agus/nó maignéisiam, bídís cóimhiotalaithe le sileacan nó ná bídís; iad éighníomhaithe go ceimiceach; bíodh cóireáil dromchla bhreise amhail olú nó séalú orthu nó ná bíodh; ina bhfuil, de réir meáchain: cion nach mó ná 0,5 % de charbón, cion nach mó ná 1,1 % d'alúmanam, cion nach mó ná 0,12 % de niaibiam, cion nach mó ná 0,17 % de thíotáiniam agus cion nach mó ná 0,15 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcornaí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga.

Cuirtear na táirgí seo a leanas as an áireamh:

— de chruach dhosmálta, de chruach shileacain-leictreach, agus de chruach ardluais,

— gan oibriú breise déanta orthu seachas teorolladh nó fuar-rolladh (fuarlaghdú),

— an táirge lena mbaineann mar a shainmhínítear é i dtús an Airteagail seo,

atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7210 41 00, ex 7210 49 00, ex 7210 61 00, ex 7210 69 00, ex 7210 90 80, ex 7212 30 00, ex 7212 50 61, ex 7212 50 69, ex 7212 50 90, ex 7225 92 00, ex 7225 99 00, ex 7226 99 30, ex 7226 99 70 (na cóid TARIC: 7210 41 00 30, 7210 49 00 30, 7210 61 00 30, 7210 69 00 30, 7210 90 80 92, 7212 30 00 30, 7212 50 61 30, 7212 50 69 30, 7212 50 90 14, 7212 50 90 92, 7225 92 00 30, 7225 99 00 23, 7225 99 00 41, 7225 99 00 93, 7226 99 30 30, 7226 99 70 13, 7226 99 70 93), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. Níl feidhm ag an leathnú sin maidir le hallmhairí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Beijing Shougang Cold Rolling Co., Ltd	C229
Shougang Jingtang United Iron and Steel Co., Ltd	C164

5. Beidh cur i bhfeidhm na ndíolúintí a dheonaítear do na cuideachtaí a luaitear go sonrach i mír 4 den Airteagal seo coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, sonrasc, arna eisiúint ag an táirgeoir ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint agus a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm. Dréachtófar an dearbhú seo mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) cineálacha áirithe cruach frithchreimní a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) de a mhonaraigh sa (tír lena mbaineann). Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear sonrasc den sórt sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht frithdhumpála mar a fhorchuirtear le mír 3 den Airteagal seo.

6. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí frithdhumpála aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, sonrasc ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint agus a shainaithneofar lena ainm/hainm agus lena fheidhm/feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) i nDaon-Phoblacht na Síne (méid) de chineálacha áirithe cruach frithchreimní a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an ráta dleachta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

7. I gcás ina soláthraíonn aon táirgeoir onnmhairiúcháin nua sa tSín dóthain fianaise don Choimisiún chun an méid seo a leanas a chruthú:

(a) nár onnmhairigh sé chuig an Aontas an táirge ar a dtugtar tuairisc i mír 1 sa tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2015 agus an 30 Meán Fómhair 2016 (tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh); (b) nach bhfuil sé bainteach le haon onnmhaireoir ná táirgeoir sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán seo; (c) gur onnmhairigh sé iarbhír chuig an Aontas an táirge lena mbaineann nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air chun líon mór a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh thréimhse an imscrúdaithe bunaidh, féadfaidh an Coimisiún an Iarscríbhinn a leasú tríd an táirgeoir onnmhairiúcháin nua a chur leis na cuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla agus dá bhrí sin faoi réir na meándleachta ualaithe nach mó ná 26,1 %.

8. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

1. I gcás ina dtagann an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 i bhfeidhm maidir le táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail; iad plátáilte nó brataithe le galbhánú teothumtha le sinc agus/nó alúmanam agus/nó maignéisiam, bídís cóimhiotalaithe le sileacan nó ná bídís; iad éighníomhaithe go ceimiceach; bíodh cóireáil dromchla bhreise amhail olú nó séalú orthu nó ná bíodh; ina bhfuil, de réir meáchain: cion nach mó ná 0,5 % de charbón, cion nach mó ná 1,1 % d'alúmanam, cion nach mó ná 0,12 % de niaibiam, cion nach mó ná 0,17 % de thíotáiniam agus cion nach mó ná 0,15 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcornaí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga, dá dtagraítear in Airteagal 1(3), agus i gcás ina sáraíonn sé leibhéal na dleachta frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2), ní bhaileofar ach an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159.

2. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm mhír 1, cuirfear bailiú na ndleachtanna arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo ar fionraí.

3. I gcás ina dtagann an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 i bhfeidhm maidir le táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail; iad plátáilte nó brataithe le galbhánú teothumtha le sinc agus/nó alúmanam agus/nó maignéisiam, bídís cóimhiotalaithe le sileacan nó ná bídís; iad éighníomhaithe go ceimiceach; bíodh cóireáil dromchla bhreise amhail olú nó séalú orthu nó ná bíodh; ina bhfuil, de réir meáchain: cion nach mó ná 0,5 % de charbón, cion nach mó ná 1,1 % d'alúmanam, cion nach mó ná 0,12 % de niaibiam, cion nach mó ná 0,17 % de thíotáiniam agus cion nach mó ná 0,15 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcornaí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga, dá dtagraítear in Airteagal 1(3), agus i gcás ina socraítear í ar leibhéal is lú ná an dleacht frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2), déanfar an dleacht taraife os cionn an chóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 a bhailiú sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an dleacht frithdhumpála níos airde a leagtar amach in Airteagal 1(2).

4. An chuid de mhéid na dleachta frithdhumpála nár bailíodh de bhun mhír 3, cuirfear ar fionraí í.

5. Beidh na fionraíochtaí dá dtagraítear i mír 2 agus mír 4 teoranta ó thaobh ama do thréimhse chur i bhfeidhm na dleachta taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

TÁIRGEOIRÍ ONNMHAIRIÚCHÁIN COMHOIBRÍOCHA NACH bhFUIL SA SAMPLA

Maanshan Iron & Steel Co., Ltd	Maanshan, Anhui	C312
Angang Steel Company Limited	Anshan, Liaoning	C313
TKAS Auto Steel Company Ltd	Dalian, Liaoning	C314
JiangYin ZongCheng Steel CO., Ltd	Jiangyin, Jiangsu	C315
Bengang Steel Plates Co., Ltd	Benxi, Liaoning	C316
BX STEEL POSCO Cold Rolled Sheet Co., Ltd	Benxi, Liaoning	C317
Wuhan Iron & Steel Co., Ltd	Wuhan, Hubei	C318
Shandong Kerui Steel Plate Co., Ltd	Binzhou, Shandong	C319
Inner Mongolia Baotou Steel Union Co. Ltd	Baotou, an Ion-Mhongóil	C320
Hunan Valin Liangang Steel Sheet Co., Ltd	Loudi, Hunan	C321
Shandong Huifu Color Steel Co., Ltd	Linyi, Shadong	C322
Fujian Kaijing Greentech Material Co., Ltd	Longhai, Fujian	C323
Baoshan Iron & Steel Co., Ltd	Shang-hai	C324
Baosteel Zhanjiang Iron & Steel Co., Ltd	Zhanjiang, Guandong	C325
Yieh Phui (an tSín) Technomaterial Co.	Changshu, Jiangsu	C326
Rizhao Baohua New Materials Co., Ltd	Rizhao, Shandong	C327
Jiangsu Gangzheng Steel Sheet Science and Technology Co., Ltd	Nantong, Jiangsu	C328